


Seachtain na Scoileanna Caitliceacha 2011

Acmhainní do Phobal na Meánscoile:
Sa Bhaile, Ar Scoil & Sa Pharóiste

# An Téama: Fréamhaithe in Íosa Críost

30 Eanáir–5 Feabhra 2011

Acmhainní Meánscoile

# Seachtain na Scoileanna Caitliceacha 2011


- Fáilte 1
- Réamhrá 2
  - Sula gCuireann tú Chuige
  - Cad is Scoil Chaitliceach Ann ?
  - Seachtain na Scoileanna Caitliceacha 2011
- Sa Deoise 4
  - Conas Seachtain na Scoileanna Caitliceacha a Cheiliúradh mar Dheoise
- Sa Pharóiste 5
  - Conas Seachtain na Scoileanna Caitliceacha a Cheiliúradh sa Pharóiste
- Ar Scoil 7
  - Is sa Scoil Chaitliceach
  - Don Mhuintir sa Bhaile
  - Machnamh in Aghaidh an Lae
  - An Luan, 31 Eanáir – An Chéad Seirbhís Urnaí
  - Cé hÉ Íosa Críost?
    - An Mháirt, 1 Feabhra – Lá Fhéile Naomh Bríd, Muire na nGael
    - Seirbhís Urnaí in Onóir Bhríd Naofa, 1 Feabhra
  - An Chéadaoin, 2 Feabhra – Tionól Urnaí ar mhaithe le Seachtain na Scoileanna Caitliceacha
  - An gCreideann tú i mBia?
  - An Chéadaoin, 2 Feabhra – Lá Fhéile Toirbhirt an Tiarna, Dia agus Slánaitheoir
  - Íosa Críost sa Teampall
  - An Déardaoin, 3 Feabhra – Lá Fhéile Naomh Blaise
  - An stádas atá agam féin sa Teaghlach Caitliceach: Taithí spreagúil a dhéanann an fhéiniúlacht a thógáil
  - Tíreolaíocht na Palaistíne
- Bord Bainistíochta/Gobharnóirí 28
  - Machnamh don Fhoireann, don Bhord Bainistíochta/Gobharnóirí
- Sa Pharóiste 31
  - Seachtain na Scoileanna Caitliceacha sa Pharóiste – Aifreann le Tosú Sheachtain na Scoileanna Caitliceacha a Cheiliúradh
  - Seachtain na Scoileanna Caitliceacha
- Lógó Coinnle 32

# Fáilte



I rith Sheachtain na Scoileanna Caitliceacha 2011 déanaimid machnamh ar an mbrí atá le bheith fréamhaithe in Íosa Críost. Oide ab ea Íosa. Tugann a lucht leanúna Máistir air breis agus dhá scór uair sna Soiscéil. Aithníonn siad gur duine é a dhéanfaidh iad a theagasc, gur féidir leo foghlaim uaidh.

Tá dáimh ag scoileanna an lae inniu leis na ceisteanna agus na hiarratais a chuir siad air.

A Mháistir, tabhair comhartha dúinn;
A Mháistir, múin dúinn conas urnaí a dhéanamh;
A Mháistir, cad atá le déanamh agam chun go mbeinn páirteach sa bheatha shíoraí?
A Mháistir, cén aithne mhór atá ann?

Mar sin, cén rud a mhúin Íosa dúinn? Tarlaíonn an teagasc ar fad trí na focail a labhraíonn sé, agus tríd an teagmháil a dhéanann sé le daoine, rudaí atá ag croílár a mhinistreacht. Chun a bheith mar oide ar nós Chríost, caithimid an fhírinne a rá, labhairt faoin mhaithiúnas, bheith atruach, teagmháil a dhéanamh le daoine pé áit ina mbíonn siad, agus cuireadh a thabhairt dóibh, iad a mhealladh, iad a shaoradh le bualadh ar aghaidh sa saol. Smaoinigh ar an mbean Shamárach ag an tobar, Zacháias beag in Ireachó, Matha an poibleacánach i gCafarnáum, an bheirt deisceabal ar an mbealach chun Eamáus, Máire an Mhaigdiléanach ag an tuama maidin Dhomhnach na Cásca – gach aon duine acu mar dhuine a bhí gafa go hiomlán lena n-imní is lena mbuarthaí féin, ach gur cuireadh dúshlán rompu druidim ar aghaidh uathu, tríd an teagmháil a rinneadar le hÍosa. Is fíor-oideachas an teagasc seo – daoine a threorú ón aineolas, ón naimhdeas, ón leithleachas, ón gcinnteacht, ón eagla, isteach in ionad úr. Ciallaíonn a bheith ag teagasc mar a rinne Íosa ná go mbeimis ag tabhairt cuireadh do dhaoine bheith ag maireachtáil gan an maide croise, gan an t-olc, gan an aigne dhúnta. Bíonn oideachas den saghas seo mar an obair shíoraí atá romhainne ar fad sa saol. Tugann téama Sheachtain na Scoileanna Caitliceacha le fios dúinn gur gá go mbeadh gach aon phobal scoile fréamhaithe in Íosa Críost. Sa litir a scríobh sé chuig Caitlicigh na hÉireann iarrann an Pápa Beinidict XVI ar phaistí agus ar an aos óg a gcuid saolta a bheith fréamhaithe i gCríost.

*'Bíodh gaol pearsanta á lorg agaibh leis, taobh istigh de chomaoin na hEaglaise, mar nach ndéanfaidh sé feall riamh ar an muinín a bhíonn agaibh as. Is eisean amháin a shásóidh na mianta doimhne atá ionaibh agus a thabharfaidh brí iomlán don saol trína dhíriú i dtreo freastal a dhéanamh ar dhaoine eile. Bíodh bhur n-aire dírithe ar Chríost agus ar a mhaitheas siúd, agus cuir fothain in bhur gcroí ar fáil do lasair an chreidimh.*

Aon phlanda, aon chrann, aon bhláth a chailleann a chuid fréamhacha, séidtear chun siúil é. Is féidir go dtarlóidh an rud céanna dúinn féin, sinn bheith gan stiúir cheart inár saolta, á cur, á tharraingt anonn is anall, gan fhios bheith againn conas an fhadhb a réiteach. I rith na seachtaine seo tugtar cuireadh dúinn athnuachan a dhéanamh ar na fréamhacha atá againn i gCríost. Bíonn sé ar ár gcumas a leithéid a dhéanamh ar iliomad bealaí sa bhaile, sna scoileanna, agus sa phobal paróisteach de réir mar a mhíníonn na hacmhainní sa leabhrán seo. Tugaim cuireadh daoibh bheith páirteach in aon cheann de na himeachtaí a bhaineann leis an tseachtain seo agus a eagraítear i do dhúiche féin. Tá seanfhocal na Gaeilge ann a deir gurb í an Bhealtaine fhuar ghaofar a líonann an scioból le tuí is le harbhar. Cuirtear na síolta san Earrach. De réir mar a phéacann gas agus bun aníos tríd an talamh nochtar don aimsir iad. Má thagann síon is báisteach anuas orthu i rith na Bealtaine tugtar bualadh is bascadh don fhás úr seo, ach is iad na fréamhacha faoi thalamh a láidríonn iad féin, go díreach toisc nach bhfuil tosca fabhracha os cionn na talún. Is é an tarraingt is an suaitheadh seo a chinntíonn gur féidir nó nach féidir leis an mbeatha óg maireachtáil go dáiríre sa saol seo. Má bhímid fréamhaithe go buan i gCríost is cuma faoi ghuagacht na haimsire nó na tosca deacra faoina mbímid ag maireachtáil, is féidir bheith ag súil le barr flúirseach.

Michael Drumm

Michael Drumm
Cathaoirleach
Comhpháirtíocht na Scoileanna Caitliceacha

# Sula gCuireann tú Chuige

Cuireadh na hacmhainní sa leabhrán seo ar fáil ionas go bhféadfaí Seachtain na Scoileanna Caitliceacha a cheiliúradh leis na grúpaí seo leanas:

- Mic Léinn sa Seomra Ranga
- Baill Fhoirne
- Tuismitheoirí
- Baill Bhoird Bainistíochta/Gobharnóirí
- Pobal iomlán an Pharóiste.

Ionas go mbeadh teacht go forleathan ar na hacmhainní seo cuireadh cóip den leabhrán chuig gach aon Phríomhoide agus chuig gach aon sagart. Tá acmhainní éagsúla ann don uile spriocghrúpa mínithe go maith sa phacáiste. Seans go mbeadh sé úsáideach cuireadh a thabhairt d'ionadaithe ó fhoireann na scoile, ón mBord Bainistíochta/Gobharnóirí, ón gComhairle/Comhlachas Tuismitheoirí, ó fhoireann an Pharóiste agus do shéiplíneach na scoile chomh maith, teacht chuig cruinniú roimh thús Sheachtain na Scoileanna Caitliceacha. An sprioc a bheadh roimh an gcruinniú seo ná cinneadh a dhéanamh faoi na heilimintí de na hacmhainní a d'fhéadfadh an pobal i do scoil féin agus sa pharóiste i gcoitinne béim a leagan orthu i rith na seachtaine. D'fhéadfadh na hábhair seo leanas a bheith faoi chaibidil ag a leithéid de chruinniú:

- An tAifreann le tús a chur le Seachtain na Scoileanna Caitliceacha
- Cumarsáid a dhéanamh leis na tuismitheoirí
- Tionscnaimh nó imeachtaí sa pharóiste chun an tSeachtain a cheiliúradh
- Am a bheith ann le gur féidir leis an bhfoireann is an Bord Bainistíochta/Gobharnóirí machnamh a dhéanamh ar bhrí Sheachtain na Scoileanna Caitliceacha Acmhainní

Tá súil againn go gcabhróidh na hacmhainní atá sa phacáiste seo leat agus tú ag ceiliúradh Seachtain na Scoileanna Caitliceacha i mbliana. Tá cóipeanna de na hacmhainní seo le híoslódáil *as Gaeilge* agus as Polainnis ag **www.catholicbishops.ie/catholicschoolsweek**.

Is iad na daoine seo leanas a d'ullmhaigh na hacmhainní: Mairéad Ní Bhuachalla, Brigid Gilligan, Maura Gray, Tonya Hanly, Maurice Harmon, i gcomhairle leis an gCoiste Stiúrtha le haghaidh Seachtain na Scoileanna Caitliceacha 2011. Is iad baill an Choiste Stiúrtha ná:

Mr Lloyd Bracken, Monsignor Jim Cassin, Fr Ger Condon, Fr Martin Delaney, Fr Michael Drumm, Fr Paul Farren, Ms Tonya Hanly, Ms Maura Hyland, Mr Martin Long, Ms Maeve Mahon, Ms Bernie Martin, Mr Tony McCann, Mr Michael Redmond, Ms Maria Spring, Ms Orla Walsh agus An tSiúr Eithne Woulfe.

Gabhaimid buíochas leis an Athair Thomas O'Byrne as na hacmhainní liotúirgeacha don Cheathrú Domhnach Saor sa bhliain.



# Seachtain na Scoileanna Caitliceacha 2011



## Cad is brí le "Seachtain na Scoileanna Caitliceacha"?

Tugann Seachtain na Scoileanna Caitliceacha an deis dúinn aitheantas a thabhairt agus ceiliúradh a dhéanamh maidir leis an gcion oibre a dhéanann na Bunscoileanna agus na Meánscoileanna Caitliceacha ní hamháin ar son na sochaí Éireannaigh, ach ar son mhisean na hEaglaise chomh maith. Tugann sé deis dúinn an t-éiteas is an tsainiúlacht a bhaineann linn a chur in iúl agus a cheiliúradh os comhair an tsaoil.

## Cén Téama a Bhaineann le Seachtain na Scoileanna Caitliceacha 2011?

Is é téama na seachtaine seo i mbliana ná **'Na Scoileanna Caitliceacha – Fréamhaithe in Íosa Críost'**.

Bíonn an scoil Chaitliceach tiomnaithe d'oideachas is do mhúnlú na n-óg. Déantar iarracht na leanaí a threorú le gur féidir leo na mianta is doimhne atá iontu a chomhlíonadh. Bíonn an scolaíocht bunaithe ar an mbonn go dtuigeann daltaí brí iomlán na beatha nuair a dhéanann siad teagmháil le Críost. Mar a mhol an Pápa féin dúinn, '*Bíodh bhur n-aire dírithe ar Chríost agus ar a mhaitheas siúd, agus cuir fothain in bhur gcroí ar fáil do lasair an chreidimh*', agus bíonn tábhacht ar leith ag na focail seo maidir le hoideachas sa Scoil Chaitliceach. Is sa scoil seo a thugtar léiriú do dhaoine óga maidir le grá Chríost agus tugtar cuireadh dóibh gaol pearsanta a chruthú ionas nach ndéanfar feall riamh ar an muinín a bhíonn á léiriú acu. Is mar sin a bhíonn an scoil Chaitliceach fréamhaithe go fírinneach i gCríost.

## An le haghaidh Scoileanna amháin Seachtain na Scoileanna Caitliceacha?

Tarlóidh na himeachtaí atá luaite le Seachtain na Scoileanna Caitliceacha sna scoileanna, sa pharóiste, ar bhonn deoise agus ar bhonn náisiúnta. Cabhróidh na hacmhainní atá ar fáil sa leabhrán seo leis an gceiliúradh a thabhairt isteach i dtithe ar fud na tíre. Tá acmhainní ann chomh maith chun cabhrú le paróistí agus deoisí bheith páirteach sa chomóradh. Is é ár nguí go dtabharfar suntas i rith na seachtaine seo do ról lárnach na scoileanna i saol na hEaglaise, sa bhaile, sa pharóiste, trí na hacmhainní éagsúla seo a úsáid.

## Conas a Ghlacfaidh mé Páirt Ann?

Bí ag faire amach ar na meáin áitiúla agus náisiúnta maidir le poiblíocht faoi imeachtaí a bhainfidh le Seachtain na Scoileanna Caitliceacha. Cuir ceist ar an bPríomhoide nó ar ionadaí ón gComhlachas Tuismitheoirí/Bord Bainistíochta/Gobharnóirí maidir le conas mar a bheidh Seachtain na Scoileanna Caitliceacha á cheiliúradh ar scoil.

Tá tuilleadh eolais le fáil ar **www.catholicbishops.ie/catholicschoolsweek**.



# Conas Ceiliúradh a Dhéanamh ar Sheachtain na Scoileanna Caitliceacha Mar Dheoise

## Cuid Moltaí

Cuir litir chuig gach uile scoil agus paróiste agus spreag iad chun ceiliúradh a dhéanamh ar Sheachtain na Scoileanna Caitliceacha agus ag an am céanna buíochas a ghabháil leis na scoileanna as an méid atá á dhéanamh acu maidir le hoideachas Caitliceach a chothú.

Smaoinigh ar Aifreann Deoise a reáchtáil le hionadaithe ón uile scoil, ón gcéad leibhéal chomh maith leis an dara leibhéal, a chuirfeadh deis ar fáil dóibh bheith páirteach sa phobal leathan. D'fhéadfaí é seo a dhéanamh ag leibhéal na ndéan.

D'fhéadfadh an tEaspag litir phearsanta a sheoladh chuig gach aon bhall de Bhord Bainistíochta/ Gobharnóirí ag gabháil buíochais leo as ucht a gcuid ama a thabhairt don scoil, agus iad á spreagadh chun machnamh a dhéanamh ar éiteas Caitliceach na scoile agus conas tacú leis. Ba cheart litir den saghas seo a chur chuig seoladh baile an bhaill, seachas cóipeanna a dháileadh ag cruinniú den Bhord.

Poiblíocht sna meáin a dhéanamh faoi Sheachtain na Scoileanna Caitliceacha in ailt i nuachtáin, agallaimh ar raidió, agus araile.

Tabhair cuireadh do mhúinteoirí, do thuismitheoirí, do bhaill Bhoird Bainistíochta/Gobharnóirí agus Comhairlí Tréadacha ar fud na deoise chuig imeacht thráthnóna bunaithe ar thopaic a bhaineann leis an Oideachas Caitliceach, m.sh., ar *Fís 08: Fís don Oideachas Caitliceach in Éirinn*. (Litir Thréadach ó Chomhdháil Easpag Caitliceach na hÉireann).



# Conas Seachtain na Scoileanna Caitliceacha a Cheiliúradh sa Pharóiste

Cuirtear tús le Seachtain na Scoileanna Caitliceacha 2011 ar an Domhnach, 30 Eanáir, An Ceathrú Domhnach Saor sa bhliain. Tá súil againn go mbeidh paróistí ar fud na tíre, réidh chun freagra dearfach a thabhairt don chuireadh ceiliúradh a dhéanamh ar an gcion tairbhe a chuireann na scoileanna Caitliceacha leis an bpobal, trí liotúirge an Domhnaigh agus ag amanna eile i rith na seachtaine ina dhiaidh sin. Tá iliomad bealaí ann inar féidir leis an bparóiste a leithéid a dhéanamh, agus tá moltaí thíos a chabhródh a leithéid a dhéanamh.

## An Domhnach, 30 Eanáir

**Ceiliúradh na hEocairiste don Cheathrú Domhnach Saor sa Bhliain.**

- Déan machnamh faoin mbealach ab fhearr ina bhféadfadh na scoileanna a mbaineann le do phobal féin bheith páirteach i gceiliúradh na hEocairiste ar an Domhnach beag seo. Déan cruinniú a ghairm le príomhoidí agus múinteoirí i rith na seachtainí roimh Sheachtain na Scoileanna Caitliceacha agus déan plé faoi na bealaí éagsúla ina bhféadfaí aird a tharraingt agus ceiliúradh a dhéanamh ar obair na scoileanna Caitliceacha trí liotúirge an lae sin. Tá na léachtaí éagsúla, guí an phobail agus araile, don Cheathrú Domhnach Saor sa bhliain le fáil ar leathanach 30 den leabhrán seo.

- Chomh maith leis sin tá nótaí aithisc le haghaidh an Cheathrú Domhnach Saor sa bhliain le fáil in eagrán mhí Eanáir de *The Furrow*.

- Cuir ceist ar an gcór, ceol a roghnú a bheadh ar eolas ag na páistí scoile. Bí ag caint leis na múinteoirí faoin gceol a bheadh oiriúnach chuige.

**Ionad Taispeántais**

- Seans gur mhaith leis na scoileanna i do pharóiste féin ionad taispeántais a chruthú le haghaidh an tséipéil, nó i halla an pharóiste. D'fhéadfaí an taispeántas seo a dhíriú ar shaol na scoile, tionscadail fhor-rochtana atá idir lámha ag na scoileanna, éarlamh na scoile nó an pharóiste, pobal creidimh an lae inniu, nó ar ábhar ar bith eile a bheadh oiriúnach. D'fhéadfadh an taispeántas leanúint ar feadh na seachtaine agus d'fhéadfaí cuireadh a thabhairt don phobal ar fad teacht chun é a fheiceáil i rith na seachtaine ar leith seo.

**An Coiste Liotúirgeach**

- Má bhíonn coiste liotúirgeach agaibh, bí cinnte faoi go gcuirtear na baill ar an eolas maidir le Seachtain na Scoileanna Caitliceacha, chomh luath agus is féidir, ionas go mbeidh deis acu cabhrú leis an liotúirge agus an ceol a ullmhú don cheiliúradh a bheadh á reáchtáil agaibh. Déan iad a spreagadh, agus deimhin a dhéanamh de go mbíonn Seachtain na Scoileanna Caitliceacha mar chuid lárnach de shaol paróisteach na bliana. **Cuirfear tús i gcónaí leis ar an Domhnach deiridh i mí Eanáir.**

SA DEOISE

SA PHARÓISTE

**Nuachtlitir an Pharóiste**

- Bí cinnte faoi go mbeidh fógra forleathan ann faoi Sheachtain na Scoileanna Caitliceacha trí nóta a chur i nuachtlitir an pharóiste.

D'fhéadfadh téacs mar seo bheith ann:

Is ar an Domhnach 30 Eanáir a chuirfear tús le Seachtain na Scoileanna Caitliceacha. An fheidhm a bheadh leis an tseachtain seo ná chun aird a tharraingt ar, agus ceiliúradh a dhéanamh faoin gcion tairbhe iontach a chuireann na scoileanna Caitliceacha leis an bparóiste agus leis an tsochaí i gcoitinne. An téama a bhaineann le fiontar na bliana seo ná: **'Na Scoileanna Caitliceacha – Fréamhaithe in Íosa Críost'**. I rith na seachtaine seo chugainn tugaimid cuireadh daoibh bheith páirteach linn sa cheiliúradh a dhéanfaimid ar an gcion tairbhe a chuireann na scoileanna Caitliceacha leis an bpobal creidimh anseo sa pharóiste.

**An Chomhairle Thréadach**

- Cuir Seachtain na scoileanna Caitliceacha ar shúile an Chomhairle Tréadaigh agus ceistigh iad faoin mbealach ab fhearr ina bhféadfaí ceiliúradh a dhéanamh air i mbliana sa pharóiste.

**An Scoil**

- Chun suntas a thabhairt do Sheachtain na Scoileanna Caitliceacha, seans gur mhaith leis na ranganna sinsir (rang 3 go rang 6) bheith i láthair ag Aifreann na maidine i séipéal áitiúil an pharóiste. D'fhéadfaí cuireadh a thabhairt do thuismitheoirí bheith i láthair ag an Aifreann seo.
- Déan an deis seo a thapú cuairteanna a thabhairt ar an méid seomraí ranga agus is féidir. Cabhróidh an leabhrán acmhainní seo leat díriú ar ábhar do na cuairteanna seo, toisc go dtugtar téamaí laethúla don obair. D'fhéadfá beannacht na scornach a bhronnadh ar na páistí i gcuid de na seomraí ranga ar Fhéile Naomh Blaise.
- Déan deimhin de go mbeidh Seachtain na Scoileanna Caitliceacha ar an gclár oibre le haghaidh cruinniú an Bhoird Bainistíochta/Gobharnóirí.

**An Pobal**

- Toisc go dtarlaíonn Lá Fhéile Naomh Bríd i rith na seachtaine seo d'fhéadfá féachaint chuige go mbeidh deis ag teaghlaigh crosóga Bríde a dhéanamh i halla an pharóiste nó i halla na scoile agus bíodh seirbhís urnaí gearr ag gabháil leis. Mar mhalairt ar sin d'fhéadfá a mholadh don Phríomhoide go bhféadfaí cuireadh a thabhairt do sheanóirí an pharóiste, a mhúineadh don aos óg conas na crosa a dhéanamh.

# Is sa Scoil Chaitliceach ...

- A bhíonn ministreacht agus misean Chríost go smior inti
- A thógtar timpeallacht chomhbhách ina mbíonn cásmhaireacht atá fréamhaithe sa teagasc sóisialta Caitliceach ann, don uile dhuine
- A thógtar timpeallacht shlán shona, áit ina mbíonn spreagadh ann don uile pháiste agus go gcuirtear ar a gcumas forbairt iomlán a dhéanamh ar an gcumas atá iontu mar dhaoine daonna uathúil, daoine a cruthaíodh ar dheilbh Dé
- A lorgaítear ardchaighdeán oideachasúil agus an scoil bheith dílis go fóill don fhís agus don mhodh oibre faoi leith a bhaineann leis
- A bhíonn comhluadar uileghabhálach measúil a chuireann fáilte roimh an uile dhuine óg, is cuma an mbaineann siad le haicme chreidimh nó nach mbaineann
- A thugtar aitheantas don ról atá ag na tuismitheoirí mar chéad oidí maidir le cúrsaí creidimh agus cuirtear deiseanna ar fáil dóibh bheith páirteach i saol na scoile
- A chuirtear chuige i gcomhar leis na tuismitheoirí agus le pobal an pharóiste chun lóchrann an dóchais a adhaint
- A chuirtear clár theagasc creidimh ar fáil a dhearbhaíonn agus a dhoimhníonn an tuiscint a bhíonn ag na páistí maidir leis an gcreideamh Caitliceach ionas go mbeidh ar chumas an uile dhuine acu bheith chomh deisbhéalach faoin gcreideamh agus a bhíonn maidir le gnéithe eile an churaclaim
- A chothaítear an tuiscint agus an meas a bhíonn ag an dalta ar shaol sacraimintiúil na hEaglaise
- A chuirtear na siombailí a bhaineann lenár dtraidisiún saibhir Caitliceach ar taispeáint
- A chaitear am mar chomhluadar scoile ann, ag machnamh, ag urnaí, i ndeasghnátha, ag ceiliúradh na hEocairiste agus na sacraimintí eile, chun forbairt a dhéanamh ar shaol spioradálta an uile dhuine i bpobal na scoile.

Bunaithe ar *Fís 08: Fís don Oideachas Caitliceach in Éirinn* (Litir Thréadach ó Chomhdháil Easpag Caitliceach na hÉireann)

Seachtain na Scoileanna Caitliceacha 2011

# Le Déanamh sa Bhaile

Tugann Seachtain na Scoileanna Caitliceacha deis don uile dhuine atá páirteach san oideachas Caitliceach aitheantas a thabhairt agus ceiliúradh a dhéanamh ar an gcion tairbhe a dhéanann na scoileanna Caitliceacha maidir le saol na hÉireann. Is é seo an tríú bhliain as a chéile inar tharla an tseachtain ar leith seo i gcríocha na hÉireann. An aidhm a bhaineann le Seachtain na Scoileanna Caitliceacha ná go bhféadfaimis deis a chruthú le gur féidir linn an t-éiteas is an tsainiúlacht uasal atá againn a chur in iúl agus a cheiliúradh. I rith na seachtaine seo spreagaimid sibhse na tuismitheoirí chun machnamh a dhéanamh ar an mbrí a bhaineann le do pháiste féin bheith mar chuid de phobal scoil Chaitliceach, agus conas mar is féidir libh tacaíocht a thabhairt don obair atá ar siúl sa scoil Chaitliceach seo.

## Paidir ar son an Teaghlaigh

*A Thiarna Ghrámhar,gabhaimid buíochas leat as an teaghlach a bhronn tú orainn*
*Gabhaimid buíochas as an ngrá a cheanglaíonn le chéile sinn.*
*Cabhraigh linn bheith láidir agus dílis dá chéile i gcónaí.*
*Gabhaimid buíochas as an eiseamláir ghrámhar a thug Íosa dúinn.*
*Bíodh a shaol mar inspioráid againn le go mbeimis chomh maith agus is féidir a bheith mar thuismitheoirí.*
*Gabhaimid buíochas as an bpobal scoile atá againn, as na hoidí a threoraíonn ár leanaí agus a chabhraíonn leo do dhea-shampla féin a leanúint.*
*Go mbeidh ár scoileanna Caitliceacha agus ár dteaghlaigh féin*
*fréamhaithe i gcónaí i dteachtaireacht ghrámhar an tSoiscéil.*
*Iarraimid é seo ort, trí Chríost ár dTiarna. Áiméan.*



# Comórtas

I mbliana, tugtar cuireadh do mhic léinn dara leibhéal cur isteach ar chomórtas mar chuid de Sheachtain na Scoileanna Caitliceacha , mar aonáin nó i ngrúpaí. Is féidir go ndéanfaidh an tionscadal solas a chaitheamh ar aon cheann de na nithe seo leanas:

- Stair na Scoile
- Mórghníomhartha na foirne agus na mac léinn
- Éarlamh na Scoile

Beidh sé riachtanach go ndéanfaidh gach tionscadal a léiriú conas mar a chuireann pobal iomlán na scoile an creideamh i gcrích.

## Moltaí

- Saothar Ealaíne • Íocón
- Leabhar Gearrthóg• Grianghrafadóireacht
- Aiste (1,500 focal ar a mhéid )

## Duaischiste

Sraith Shóisearach & Sraith Shinsearach (2 sheit duaiseanna)
1ú €250 2ú €150 3ú €100
Tá saorchead ag scoil nó bliainghrúpa ar bith cur isteach ar an gcomórtas.

**Dáta Deiridh** 25 Feabhra 2011 (Níl aon táille iontrála)

**Iarrachtaí chuig** Ms Bernie Martin,
Columba House,
Maigh Nuad, Co. Chill Dara

Is féidir foirm iarratais a íoslódáil ag
**www.irishbishops.ie/catholicschoolsweek**

**Bígí Chomh Cruthaitheach Agus Is Féidir Libh!**

# Machnamh in Aghaidh an Lae

## Dé Luain
Is é téama Sheachtain na Scoileanna Caitliceacha i mbliana ná: 'Na Scoileanna Caitliceacha – Fréamhaithe in Íosa Críost'.

Spreag "Tréadlitir an Phápa Naofa Beinidict XVI Chuig Caitlicigh na hÉireann", a foilsíodh ar an 20 Márta 2010, an téama seo. Cuirtear i gcuimhne dúinn sa litir seo go mbíonn grá ag Íosa don uile dhuine againn, a oiread is go ndeachaigh sé ar an gcros mar íobairt ar ár son. Nach am tráthúil sa scoilbhliain an tseachtain seo chun an grá a bhíonn ag Íosa dúinne a thabhairt chun cuimhne, agus nádúr muiníneach an ghaoil a bheadh againn leis. Guímid ar ár son féin ar maidin agus sinn ag déanamh sáriarracht an gaol pearsanta atá againn le hÍosa a mhéadú agus a dhoimhniú, nuair a deirimid Ár nAthair...

## Dé Máirt
Tá an uile dhuine againne ar aistear. An t-aistear saoil is mó a bhíonn le déanamh againn ná an t-aistear féinaithne. Ba cheart am a ghlacadh chugat féin inniu chun machnamh a dhéanamh ar an uathúlacht atá ionat agus ar an aistear atá romhat. An bhfuil tú sásta go maith leis an dul chun cinn atá á dhéanamh agat? An bhféadfá athrú? Conas a chuireann tú féin le saol phobal na scoile, leis an bpobal creidimh lena mbaineann tú?

## Dé Chéadaoin
Sa dán 'I never saw a moor' deir Emily Dickinson nár labhair sí riamh le Dia, nach bhfaca sí ar Neamh é, ach go bhfuil creideamh daingean aici maidir leis an áit úd, amhail is dá mbeadh sé ar léarscáil aici. Is inmholta é an creideamh atá aici sa rud dofheicthe. Sa domhan seo ina mbíonn dul chun cinn leanúnach ann in aghaidh an lae, agus fás fhoghlaim fíoras, bíonn dúshlán romhainne go minic, creideamh chomh domhain leis seo bheith againn. Bíodh is go mbíonn na hathruithe saoil seo ann, agus an dúshlán a gcuireann siad romhainn, bíonn an Tiarna linn i gcónaí, agus níor tháinig claochlú riamh ar an ngrá a léiríonn sé dúinn. Guímid i gciúnas an chroí istigh inniu orthu san a mbíonn fadhbanna creidimh acu. (Sos le haghaidh urnaí) Áiméan.

## Déardaoin
Mar bhaill de phobal creidimh, bíonn gníomhartha creidimh le sonrú againn in aghaidh an lae, gníomhartha a dhéanann daoine a mbíonn prionsabail agus crógacht an chreidimh go smior iontu. An duine ar nós na ndaoine sin tusa? Tuigimid inár gcroí istigh an rud ceart le déanamh. An dtugann tusa neamhaird ar an mothúchán seo nó an ngéilleann tú dó agus beart a dhéanamh dá réir? Má thugann tú neamhaird ar an mothúchán an mbíonn tú dílis duit féin, nó an léiríonn tú saoirse an chreidimh agus an gníomh oiriúnach a dhéanamh?

Déanaimid ár n-urnaí inniu ar son na ndaoine a dhéanann an gníomh saolta ar bhealach neamhchoitianta. (Sos le haghaidh urnaí) Áiméan.

## An Aoine
Bíonn na scoileanna Caitliceacha tiomanta d'oideachas agus do mhúnlú an uile dhuine againn. Spreagann daoine in aghaidh an lae sibh chun bheith chomh maith agus a bhíonn ar bhur gcumas: tuismitheoirí... múinteoirí...cinnirí pobail. Nochtar smaointe úra in aghaidh an lae daoibh, bealaí nua oibre. Glac an deis inniu chun machnamh a dhéanamh ar conas mar a bhaineann sibh úsáid as an eolas cumhachtach seo atá agaibh. An gcaitheann sibh bhur saoil le meon oscailte? An nglacann sibh leis an uile dheis chun foghlama a thagann chugaibh? An mbaineann sibh sult as na dúshláin a bhíonn romhaibh agus sibh ag fás aníos, bheith chomh maith ionaibh féin agus is féidir? Guímid le chéile ar mhaithe leis an uile dhuine againn i bpobal foghlama an chreidimh seo, agus sinn ag rá: *Críost liom*

SA BHAILE

AR SCOIL

# An Luan, 31 Eanáir
# An Chéad Seirbhís Urnaí

## Spás Beannaithe

Mar ullmhúchán ar an tseirbhís urnaí seo ba mhaith an rud é na nithe seo leanas a chruinniú chun Spás Beannaithe a thógáil, le cur in áit shuntasach ar scoil. Tugaimid inniu:

- Coinneal le cur i gcuimhne dúinn gurb é Íosa lóchrann an domhain ( Is féidir teacht ar lógó Sheachtain na Scoileanna Caitliceacha ar leathanach 32. Gearr amach é agus déan coinneal ar leith le haghaidh Seachtain na Scoileanna Caitliceacha as trí é a fhilleadh thart ar choinneal oiriúnach)
- Bíobla, leabhar lán de dhóchas is d'fhocail neartmhar na heagna
- Uisce coisricthe, rud a chuireann an baisteadh i gcuimhne dúinn
- Cros chéasta le cur i gcuimhne dúinn go mbíonn grá domhain síoraí ag Dia dúinn, agus an fhéiníobairt a rinne Íosa ar ár son
- Téacsleabhar, rud a chuirfidh iomlán an oideachais a fhaighimid i gcéill
- Crosóg Bhríde
- Éadach glas a thugann le fios go mbaineann an t-am seo le Tráth Saor na Bliana
- Íomhá d'Íosa an oide
- Samplaí de na parabail

**Iomann Tosaigh**
▶ Bailímis le Chéile

## Lasadh na Coinnle

**Freagra** *Éistigí, bíodh fhios agaibh go bhfuil Dia inár bhfochair*

**Treoraí** Nuair a lasaimid an choinneal seo inniu, tugaimid chun cuimhne go mbíonn Dia inár measc i gcónaí. *Freagra*

**Treoraí** Nuair a lasaimid an choinneal seo inniu déanaimid sinn féin a ofráil duitse go muiníneach agus le creideamh ionat. *Freagra*

**Treoraí** Go lonróidh solas na coinnle seo thart timpeall orainn inniu agus guímid gur comhartha an dóchais ar domhan a bheidh ann. *Freagra*

## An Chéad Phaidir

A Thiarna Ghrámhar, agus muid ag cruinniú le chéile inniu, iarraimid ortsa aistear a dhéanamh in éineacht linn. Cabhraigh linn bheith mar lucht leanúna Chríost, do Mhac féin a rinne an oiread sin d'íobairt le cruthú go bhféadfadh muinín bheith againn as, agus asatsa chomh maith. Tá muinín againn inniu go mbíonn an lámh chúnta á síneadh agat chuig an uile dhuine againn i gcónaí. Go mbeidh meas againn i gcónaí ar an ngníomh grámhar treorach seo. Iarraimid ort é trí Chríost ár dTiarna. Áiméan.

## Léacht *2 Tiom. 1:6-8,9,13-14*

Sin é an fáth a bhfuilim á chur i gcuimhne duit tabhartas Dé a athmhúscailt, an tabhartas úd a fuair tú nuair a chuir mise mo lámha ort. An spiorad a thug Dia dúinn ní spiorad na meatachta é ach spiorad na fearúlachta. Ná bíodh aon náire ort, dá bhrí sin, fianaise a thabhairt ar ár dTiarna. Mar is é Dia a shlánaigh sinn agus a ghlaoigh orainn le naomhghlao, agus ní de bharr aon ní dá ndearnamarna é ach de bharr a thola agus a ghrásta féin. An teagasc folláin a chuala tú uaimse, coimeád agat mar threoir é agus lean den chreideamh agus den ghrá atá agat i gCríost Íosa. An taisce luachmhar atá faoi do chúram, cosain é le cabhair an Spioraid Naoimh a chónaíonn ionainn.
Sin é Briathar Dé.

## Salm

Salm 24 'Taispeáin do shlite dom a Thiarna'

## Soiscéal *Matha 5:14-16*

Is sibhse solas an domhain. Cathair ar mhullach cnoic, ní féidir í a cheilt. Ná ní lastar lampa chun é a chur faoi bhéal na peice, ach in airde ar an gcrann solais mar a dtugann sé solas dá mbíonn sa teach. Sibhse mar an gcéanna, bíodh bhur solas ag taitneamh os comhair daoine chun go bhfeicfidís bhur ndeaghníomhartha agus go nglóireoidís bhur nAthair atá ar Neamh.
Sin é Soiscéal Dé.

## An Idirghuí

*Leag cúig choinneal amach, ceann amháin le lasadh in aghaidh gach idirghuí a léitear..*

**Freagra** *A Thiarna Éist Lenár nGuí* (Taizé)

Ar son phobal iomlán na scoile

Guímid inniu ar son an uile dhuine atá bailithe anseo. Go gcuirfimid fáilte oscailte roimh do sholas is roimh do ghrá Ionas gur sampla maith beo den chreideamh i ngníomh a bheidh sa scoil seo. *Freagra*

Ar Son na Ceannaireachta
Guímid ar son chinnirí na tíre seo, ar son an phobail agus ar son na hEaglaise. Guímid ach go háirithe ar son chinnirí ár bpobal féin ar scoil: ár mBord Bainistíochta, ár bPríomhoide, agus ár bPríomhoide Ionaid, ár n-oidí, agus comhairle na mac léinn. Go mbeidh cinntí á dhéanamh acu i gcónaí a bhíonn bunaithe ar an gceart agus ar mheas dínite an duine daonna. *Freagra*

Ar Son na Misinéirí agus ar Son na nDeonacha
Guímid inniu ar son na ndaoine sin inár dtír féin agus ar fud na cruinne a chaitheann a gcuid ama agus uaireanta iomlán na beatha ar mhaithe le leas dhaoine eile. Bronn orthu an neart is an taise chuí chun an obair sin a dhéanamh. *Freagra*

Orthusan ag an bpointe géarchéime maidir leis an gcreideamh
Guímid inniu ar son na ndaoine atá ag streachailt leo chun lámh Dé a aithint sa ghnáthshaol, orthusan nach bhfuil mórán creidimh acu sa ghrá a bhíonn ag Dia dúinn. A Thiarna Ghrámhar, cabhraigh leo teacht faoi thionchar do láithreacht threorach shólásach féin ina gcuid saol. *Freagra*

Ar Son an Dóchais agus ar son na Muiníne
Dúirt Martin Luther King tráth, gurb é an dóchas a spreag an uile ghníomh a ndéantar ar domhan. Tá an t-uafás oibre le déanamh ar fud an tsaoil sa lá atá inniu ann. Cabhraigh linn a Thiarna, aghaidh a thabhairt go cróga is go somheanmnach ar dhúshláin agus ar ghealltanais an tsaoil seo a bhronn tú orainn. *Freagra*

**Iomann**
- ‘A Íosa Glan Mo Chroíse’

## An Bheannacht Dheiridh

Go mbeidh an spreagadh ionat i gcónaí an t-ionracas a léiriú os comhair an tsaoil
Aghaidh gheal na háilleachta a lorg
Do lámh a shíneadh faoi choinne na haislinge, faoi choinne na reanna neimhe
An domhan a bhrath le súil chaoin
An grá oscailte croíúil a léiriú
An focal ciúin sólásach a rá
An sliabh a fheiceáil agus bheith cróga go leor í a dhul suas
Mianta an eile a aithint
Creideamh a léiriú in iontais an tsaoil
I míorúilt an chruthaithe
In aoibhneas an ghrá
In áilleacht na cruinne
I ndínit an chine dhaonna
*(Ní fios cé scríobh)*

**Iomann Deiridh**
- Deus Meus Adiuva Me
- An Spiorad Naomh Umainn
- Réir Dé go nDeineam

AR SCOIL

# Cé hÉ Íosa Críost?

## An Bhfuil Cion Agat Orm?

Tá cion agat orm. Ba mhaith leat an cion seo a léiriú. Cuireann tú i bhfocail é. Is ón taobh istigh a thagann an grá seo, ach má theastaíonn uait é a léiriú, caithfidh sé teacht chun solais ó do chroí is d'aigne mar fhocal nó mar ghníomh. Is mar sin a thagann do ghrá isteach sa saol fisiceach. Tá grá ag Dia duitse, agus ba mhaith leis, an grá sin a léiriú, i bhfocail. An grá a bhonn ag Dia dúinn, léirítear é trí Íosa Críost Mac Dé.

Is eisean grá Dé i gcruth daonna. Cuirtear meon agus croí Dé in iúl dúinn in Íosa Críost. Ní gá dúinn ach na súile a oscailt le tabhairt faoi dhearadh cé chomh hálainn is atá siad. Creideann an uile dhuine againn go mbíonn tuiscint mhaith againn maidir le pearsa Íosa Críost, ach an bhfuil aithne iomlán againn ar Íosa?

Breathnaigh ar na gnéithe éagsúla a bhain le nádúr Íosa agus bí ag déanamh amach an bhféadfá tuilleadh a fhoghlaim faoi. Is é Críost Dia an Mac a ghlac colainn dhaonna. Léirigh Íosa i rith a bheatha saolta go raibh sé i ngach slí cosúil linn féin ach nach ndearna peaca riamh. (*Eabh. 4:15*).

Ghol sé, ligeadh i gcathú é, mhothaigh sé an t-ocras, an tart, pian éachtach fhisiceach; mhothaigh sé an t-uaigneas agus an frustrachas a bhain le bheith tréigthe ag na cairde ba mhó a bhí aige. Chuir Íosa riocht an sclábhaí air féin chun bheith ina dhuine mar chách eile. (*Fil. 2:6, 7*).

Ag an am céanna, is é Íosa Mac Dé. Lig sé do dhaoine é a adhradh mar Dhia, rud nach nglacfadh Giúdach ar bith eile leis. Nuair a dúirt Tomás leis "Mo Thiarna agus mo Dhia!" (*Eoin 20:28*), níor iarr Íosa air gan a leithéid a rá, ach ghlac sé leis an adhradh a rinne Tomás. Ba mhaith le daoine áirithe nach mbeadh aithne ar Íosa ach amháin mar shármhúinteoir morálta, ach ní mar sin amháin a bhí Íosa. Dúirt sé go minic gurb eisean Mac Dé (*Matha 26:63, 64*), agus gurb aon é leis an Athair (*Eoin 10:30*).

Ní fhéadfadh gur sármhúinteoir morálta a bhí ann dá mbeadh sé ag insint bréaga, nó dá mba dhuine buile é. Dúirt Íosa "Is mise an tslí, an fhírinne agus an bheatha. Ní thagann aon duine go dtí an tAthair ach tríomsa." (Eoin 14:6). Éard atá san aon Dia amháin ná trí phearsa dhiaga, Athair Mac agus Spiorad Naomh atá idirdhealaithe agus comhionann i ngach uile ní. Sin an fáth go dtugtar "An Tríonóid Naofa" ar Dhia,

Agus an focal tríonóid ag tagairt do thriúr.

## D'ardaigh Íosa an triúr seo ó na mairbh

- Iníon Iáras (*Marcas 5:22-43*)
- Mac na baintrí i gcathair Náín (*Lúcás 7:11-15*)
- Lazaras, cara Íosa (*Eoin 11:1-44*)

## Ocht míorúilt a léiríonn an smacht a bhí ag Íosa ar na dúile

- Uisce ina fhíon (*Eoin 2:1-10*)
- Chiúnaigh sé an ghaoth (*Matha 8:22-27*; *Marcas 4:35-41*; *Lúcás 8:22-25*)
- Chothaigh sé breis agus cúig mhíle duine agus gan aige ach cúig bhuilín agus dhá iasc (*Matha 14:13-21*; *Marcas 6:31-44*; *Lúcás 9:12-17*; *Eoin 6:5-15*)
- Shiúl sé ar an bhfarraige (*Matha 14:22-33*; *Marcas 6:45-52*; *Eoin 6:6-21*)
- Chothaigh sé breis agus ceithre mhíle dhuine (*Matha 15:9-39*; *Marcas 5:1-9*)
- D'inis sé do Pheadar conas breith ar iasc agus státar ina bhéal (*Matha 17:24-27*)
- An ghabháil mhíorúilteach éisc (*Lúcás 5:1-11*)
- Gabháil mhíorúilteach éisc eile (*Eoin 21:1-11*)

# An Mháirt, 1 Feabhra
# Lá Fhéile Bríde

## Stair

Is duine de thriúr phríomh-éarlamh na hÉireann í Naomh Bríd. Creidtear gur rugadh í i bhFochaird, i gcontae Lú. Tiarna ab ea a hathair Dubhtach, agus tugadh Brocessa ar a máthair. Nuair a bhí sí óg, thugadh Bríd arán, im, uibheacha agus sicíní do dhaoine gátaracha. Ba bhreá léi bheith i bhfochair na n-ainmhithe fiáine agus na héin. Níorbh fhada gur aithin daoine an cion a bhí aici ar na hainmhithe is ar na héin. Mhúin sí do shionnach fiáin conas cluichí is cleasa a dhéanamh agus d'imigh sí chuig cúirt Rí Laighean leis an sionnach a bhronnadh air. Bhain an rí sult as cleasaíocht an tsionnaigh. Ina dhiaidh sin chinn a hathair gur cheart go bpósadh sí. Ba bhreá le Dubhtach go ndéanfadh Bríd file a phósadh. Ba mhór an meas a bhí ag cúirteanna Ardrí Éireann ar fhilí an uair úd in Éirinn. Ach dhiúltaigh Bríd d'achainí an athar. 'Ba mhaith liom bheith i mo bhean rialta,' a dúirt sí, 'Ba mhaith liom clochar agus séipéal a thógáil, agus scoil a bhunú chomh maith. Bhí fearg agus díomá ar Dhubhtach ach chuir Bríd ina luí air nár theastaigh file ná aon duine eile uaithi mar fhear céile. D'fhág sí an baile agus d'imigh le slua cara léi ionas go ndéanfaí mná rialta astu.

Is é Naomh Mel, cara le Naomh Pádraig a thug Bríd isteach sna mná rialta, san Ardach, An Longfort. Tá Ardach an lae inniu aitheanta mar shráidbhaile oidhreachta náisiúnta, a bhfuil feirm chlochair agus ionad oiliúna aitheanta ann darb ainm Ionad Oiliúna Naomh Bríd. Múintear réimse scileanna feirmeoireachta agus tís ann.

Ina dhiaidh sin bhunaigh Bríd an príomhmhainistir a bhain léi i gCill Dara. Tháinig na sluaite sagart, bean chráifeach agus scoláirí chun na háite. Bhí idir mhanaigh mhná rialta i mainistir Naomh Bríd. Bhíodh cuid de na mná rialta ag obair ar an bhfeirm, thug cuid acu aire do na heasláin, rinne cuid acu cóipeanna de na téacsanna diaga.

Ní raibh go leor talún ag Bríd leis an obair a bhí idir lámha aici a thabhairt chun críche. Chinn sí ar thuilleadh talún a lorg ó rí Laighean. D'imigh sí chun bualadh leis agus é ag sealgaireacht ar Churrach Chill Dara. D'éirigh an rí anuas ón gcapall chun bualadh le Bríd agus lena cairde. Mhínigh Bríd dó go raibh tuilleadh talún á lorg aici. Ba mhaith léi talamh maith torthúil le go bhféadfadh a cuid eallaí bheith ag iníor uirthi. Mar ar tharla, bhí cion ag an rí ar a chuid foraoiseacha agus ar a dhúiche sheilge. Níor theastaigh uaidh aon chuid de a thabhairt uaidh. D'iarr Bríd air an méid talún a bheadh clúdaithe ag a fallaing, a thabhairt di. Cheap an rí gur rud greannmhar a bhí ann, agus go raibh sí ag magadh faoi. D'aontaigh sé leis an méid a dúirt sí, le teann suilt. Bhain Bríd a fallaing di, agus leag sí anuas go réidh ar an talamh í. Thosaigh an fhallaing ag leathadh amach ar gach taobh. Bhí ionadh an domhain ar an rí ach leath an fhallaing amach go dtí go raibh go leor acra den talamh méith clúdaithe aici. Ní fios go díreach cé mhéad acra a bhronn an rí ar Bhríd. Ar aon nós, is féidir a bheith cinnte faoi go raibh go leor acra fágtha aige féin. Bíodh sin mar atá, bhí go leor talún ag Bríd d'fheirm na mainistreach i gCill Dara. Lean sí léi ag obair ann go dtí go bhfuair sí bás sa bhliain 525. Ina dhiaidh sin tógadh ardeaglais, cloigtheach agus cros ard i gcuimhne na mainistreach a thóg Naomh Bríd. Bíonn Lá Fhéile Naomh Bríd á cheiliúradh againn in aghaidh na bliana ar an 1 Feabhra. Is ar an lá sin a dhéanann daoine crosóga go fóill in onóir do Bhríde, crosóga a ndéantar as luachair. Tá cuid mhaith tobar agus áiteanna oilithreachta ar fud na tíre atá tiomnaithe do Bhríd.

## Paidir

*A Thiarna, spreag tú díograis chomh mór sin i Naomh Bríd chun do thoil a dhéanamh, go dtugtar Muire na nGael uirthi; beannaigh an tír seo againne trína hidirghuí: go leanfaimid an dea-shampla a léirigh sí ina saol, le go mbeimid aontaithe léi féin agus leis an Mhaighdean Mhuire i do láthair.*

AR SCOIL

# Searmanas in Onóir Bhríd Naofa
# 1 Feabhra

Beidh crosa Bhríde agus uisce coisricthe in úsáid.

*Gabham molta Bhríde,*
*Ionúin í le hÉirinn,*
*Ionúin le gach tír í,*
*Molaimis go léir í.*

*Tig an geimhreadh dian dubh*
*'Gearradh lena ghéire;*
*Ach ar lá 'le Bríde*
*Gar dúinn earrach Éireann.*

*Lóchrann geal na Laighneach*
*'Soilsiú feadh na tíre,*
*Ceann ar ógha Éireann,*
*Ceann na mban ar míne.*

(Traidisiúnta, Veritas Hymnal 136)

*'Anois teacht an earraigh, beidh 'n lá 'dul chun síneadh Is taréis na Féil' Bríde ardóidh mé mo sheol.'* (Antaine Raiftearaí)

**Cinnire** Inniu, an chéad lá Feabhra, Lá Fhéile Bríde, Muire na nGael, Pátrún na hÉireann. Rugadh Bríd i bhFochaird láimh le Dún Dealgan sa bhliain 451, deich mbliana roimh bhás Phádraig Naofa. Taoiseach de chuid Cúige Laighean ba ea a hathair, Dúbhthach. Sclábhaí ba ea a máthair, Brocseach. Críostaí ba ea a máthair agus baisteadh Bríd ina Críostaí. Bheartaigh Bríd a bheith ina bean rialta agus bhunaigh sí mainistreacha i gCill Dara agus in áiteanna eile. Tá an-chuid scéalta i dtaobh a cineáltais do bhochtáin, d'easláin, d'ainmhithe agus i dtaobh a muinín i nDia. Tá toibreacha Bhríde ar fud na tíre agus tá a lán nósanna ag baint le Lá Fhéile Bríde. Fuair sí bás thart faoin mbliain 524.

## Beannú agus Dáileadh na gCros

*Déantar uisce coisricthe a chroitheadh ar chrosa Bhríde agus deirtear an phaidir seo:*

'Go raibh beannacht an Athar, an Mhic is an Spioraid Naoimh ar na crosa seo, ar na háiteanna ina bhfuil siad agus ar gach duine a fhéachann orthu.'

*Dáiltear iad ansin agus deirtear an phaidir seo:*

'Go dtuga lasair Bhríde spreagadh duit.
Go dtuga crios Bhríde slánú duit.
Go dtuga cruthaíocht Bhríde slí duit.'

**Paidreacha** Bhí creideamh láidir ag Bríd. Chuir sí a muinín go hiomlán i nDia agus tháinig Dia i gcabhair uirthi. Guímis go muiníneach chun Dé mar a rinne Bríd.

1. A Dhia, neartaigh ár gcreideamh, ár ndóchas agus ár ngrá. A Thiarna, éist linn. *A Thiarna, bí ceansa agus éist linn.*
2. Bhí Bríd cineálta leis na bochtáin agus na heasláin. A Dhia, cabhraigh linn aithris a dhéanamh uirthi. A Thiarna, éist linn. *A Thiarna, bí ceansa agus éist linn.*
3. Bhí grá ag Bríd d'ainmhithe, d'éin agus do gach rud a chruthaigh Dia. Múin dúinn, a Dhia, conas aire a thabhairt don imshaol. A Thiarna, éist linn. *A Thiarna, bí ceansa agus éist linn.*
4. Rinne Bríd réiteach idir dhaoine. A Dhia, taispeáin dúinn conas síocháin a chothú pé áit ina mbeimid. A Thiarna, éist linn. *A Thiarna, bí ceansa agus éist linn.*
5. A Dhia, tabhair saoirse ó chogadh, ó ghorta agus ó ghéarleanúint dóibh siúd atá ag fulaingt. A Thiarna, éist linn. *A Thiarna, bí ceansa agus éist linn.*

A Dhia, bhronn tú do ghrásta go fial ar Bhríd chun do ghrá agus do thrócaire a léiriú do mhuintir na hÉireann. Beannaigh ár dtír agus líon ár gcroíthe le do ghrásta ionas go mbeimid ábalta grá Dé a léiriú agus síocháin agus aontacht a chothú pé áit ina mbeimid. Sin é ár nguí chugat trí Chríost á dTiarna.
Áiméan.

## Duan Bhríde

Dearc anuas, féach mar atáimid,
A Naomh álainn, féach sinn.
Feacaimid ár nglúna id' láthair.
Dearc mar mháthair ar do chlainn.
Cuidigh linn, a mháthair aoibhinn,
Bí choíche ag éisteacht linn,
A Naomh Bríd, a Chéile Chríosta,
Mar an faoileán ar an tuinn.

Níl aon áit 'na bhfuil na Gaeil
Ar an saol seo abhus, ná thall
Nach bhfuil grá acu'na gcroíthe

Ortsa, a Bhríd gheal, moch is mall.
Líon le grá an croí atá brúite.
Bain den tsúil atá fliuch, a deoir.
Stiúraigh, treoraigh, ardaigh sinne
Nó go dtagaimid id' ghlóir:

**Ceol** Cecilia Sinnott

**Aistriúchán** Dubhghlas de hÍde

# Seirbhís Urnaí le haghaidh Lá Fhéile Bríde

**Iomann**
'Light The Fire' – Aintiún do Naomh Bríd
(ó *Light the Fire* le Liam Lawton. CD agus leabhrán ar fáil ó Veritas)

**Liricí**
'Tagann guth anall chugainn, an chaint analló d
Guth mná a chloistear thar muir is thar tír
'Cruinnígí le chéile, a lucht na físe úir
Cneasaígí na créachtaí, glasaíg' an domhan athuair'
Leathann sí a fallaing i gcóngar is i gcéin
Brat anuas ar chine gan mheanma gan spiorad
Labhraíonn sí faoin ualach a choisceann an tsíocháin
Lasann sí an lóchrann is crochann ar an dair
Le go scaoilfear cách ó bhannaí athuair

*Curfá*
'Spreag an díograis inár gcroí,
Ná géillimis don doilíos riamh.
Spreag an díograis inár gcroí,
A Thiarna Chaoin, síocháin anuas orainn.'

An tobar sin a thráigh, beidh barraíocht uisce ann,
A leathfaidh uaidh amach ar thalamh thirim
A mheallfaidh gach urnaí ón chroí gan dóchas
A lorgóidh athnuachan is úire
Athfhás a chur i bhfeidhm ar domhan
Tá fáidh nua dár gcuid féin de dhíth orainn,
A thabharfaidh éisteacht chomhbhách do chách
A labhróidh ar son na mbocht, iadsan i mbrón
A chuirfidh fís faoi shaol nua os ár gcomhair,
Go nglacfaimis páirt lenár nÉarlamh naofa, Bríd.

**Salm** *(Salm 104)*

Cuireann tú na toibreacha ag brúchtadh isteach sna haibhneacha agus sníonn siad idir na sléibhte
Tugann siad deoch d'ainmhithe an mhachaire;
agus múchann na hasail allta a dtart iontu.
Cónaíonn éanlaith an aeir ar a mbruacha;
agus iad ag ceiliúradh i measc na gcraobhacha.
Uiscíonn tú na sléibhte ó d'áras cónaithe;
líontar an talamh de thoradh do shaothair.
Cuireann tú an féar ag fás don bhólacht,
agus luibheanna ar mhaithe leis an duine
chun go mbaine sé arán as an talamh,
agus fíon a chuireann áthas ar an duine
d'fhonn aoibh a chur ar a haghaidh le hola
agus a chroí a neartú le harán.
Tá crainn an Tiarna lán de shúlach
na crainn chéadair a phlandaigh sé sa Liobáin
Is iontu a dhéanann na héin a neadacha;
Agus neadaíonn an chorr bhán sa chrann giúise.
Na sléibhte is dídean do na gabhair allta;
Agus bíonn na broic i bhfolach sna creaga.
Rinne tú an ghealach chun na séasúir a fhógairt;
Is eol don ghrian tráth a turnaimh.
Leathann tú an dorchacht go mbíonn ina oíche,
Agus go mbíonn ainmhithe uile na coille ar a seilg –
Na coileáin leoin ag búiríl chun a gcreiche
Is iad ag éileamh a gcoda ar Dhia.
Bailíonn siad leo le héirí na gréine,
Go dtéann siad ina luí ina bpluaiseanna.
Gabhann an duine amach chun a oibre
Ag saothrú leis go dtí an tráthnóna.
Nach líonmhar iad d'oibreacha a Thiarna!
Rinne tú gach aon ní le heagna;
Is comhlán an chruinne dá bhfuil déanta agat.

**Loinneog** Is ansin a thiocfaidh tú ar na nithe is úire, is doimhne, is ansa leat.

Léacht *(Íseáia 43:18-21; 44:3-4)*

Ná meabhraígí níos mó na rudaí a tharla,
ná cuimhnígí ar an tseanaimsir.
Féach an nuacht atá á chur i gcrích agam,
tá sí ag gobadh amach, nach léir daoibh é?
Sea, tá mé chun bealach a réiteach san fhásach
agus cosáin san uaigneas.
Na hainmhithe allta, tabharfaidh siad glóir dom,
na mac tíre agus na hulchabháin,
óir beidh mé ag soláthar uisce san fhásach,
aibhneacha sa dúiche fhiáin,
chun tart mo phobail thofa a chosc.
An pobal seo a dhealbhaigh mé dom féin,
déanfaidh siad mo mholadh a aithris!
Óir doirtfidh mé uisce anuas ar an triomach,
uisce ina thuilte ar an talamh spalptha.
Doirtfidh mé mo spiorad ar do phór,
mo bheannacht ar shliocht do shleachta.
Fásfaidh siad ar nós féar cois uisce,
Mar bheadh na saileacha ar bhruach na sruthán.

AR SCOIL

### Ciúnas ...

An t-Earrach atá ann a Thiarna.
Tá an fhuil ag cúrsáil trí na féitheacha ionam
mar bhrí na hóige agus cumha uirthi i ndiaidh na háilleachta.
Tá na bachlóga ag borradh ar an tor,
Agus an ghrian ag iarraidh an dath a mhealladh
ón áit ina raibh sé cuachta in aghaidh na fuachta.
Tá an dóchas á thabhairt
nach dtugaim ainm ar bith eile air seachas an bheatha
agus tá draíocht agus diamhair ann.
An t-Earrach atá ann a Thiarna
agus tugann sé spreagadh dom,
é ag lorg, ag éileamh, ag tabhairt cuireadh dom,
ag cur dúshlán romham, ag dul i bhfeidhm orm
leis an draíocht agus an diamhair atá ann.
An t-Earrach atá ann a Thiarna,
Agus mothaím do spiorad ag borradh is ag fás ionam.
Bí liom agus treoraigh mé maidir leis an rud a éilím
ag am seo an urnaí, i dtús an Earraigh,
ionas go mothóidh mé do chumhacht féin
chun do thoil a dhéanamh. Bí mar ghrásta caoin, mar lóchrann
a chaithfidh solas geal ar an saol úr atá romham. (*Ní fios cé scríobh*)

# German-Neues Testament

## Aimsigh na focail seo leanas

| | | | |
|---|---|---|---|
| Epheser | Judas | Matthäus | Römer |
| Galater | Kolosser | Offenbarung | Timotheus |
| Hebräer | Korinther | Petrus | Titus |
| Jakobus | Lukas | Philemon | |
| Johannes | Markus | Philipper | |

| | | | | | | | | | | | | | | |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| Y | S | R | Ö | M | E | R | A | B | R | R | P | R | H | S |
| H | V | E | V | D | L | F | K | I | G | Q | H | E | E | U |
| V | I | W | N | M | J | O | V | B | V | Z | I | S | B | R |
| O | F | F | E | N | B | A | R | U | N | G | L | S | R | T |
| I | K | M | D | X | A | U | G | T | M | N | I | O | Ä | E |
| K | G | Z | F | B | F | H | I | G | O | I | P | L | E | P |
| L | O | E | D | G | U | M | O | M | R | A | P | O | R | T |
| E | J | R | E | H | O | Y | E | J | Z | C | E | K | K | J |
| C | P | B | I | T | H | L | U | R | T | K | R | Z | I | U |
| S | F | H | H | N | I | S | U | B | O | K | A | J | A | D |
| K | U | E | E | H | T | S | U | Ä | H | T | T | A | M | A |
| N | U | K | P | S | A | H | J | K | Y | T | I | Y | T | S |
| S | R | C | R | K | E | R | E | G | A | L | A | T | E | R |
| B | N | J | U | A | P | R | F | R | N | H | Z | P | U | E |
| N | X | L | L | A | M | G | M | Z | B | J | M | Z | C | S |

# An Chéadaoin 2 Feabhra
# Tionól Urnaí ar Mhaithe le Seachtain na Scoileanna Caitliceacha

## Réamhrá

Tugtar cuireadh do na mic léinn uisce coisricthe a thabhairt ar scoil ón mbaile, nó ó shéipéal áitiúil an pharóiste, agus é a chur isteach sa Spás Beannaithe, i mbabhla ar leith a chuirfear ar fáil ann. Is féidir an spás seo a mhaisiú le coinneal, le cros is le Bíobla. Lastar coinneal ar leith in onóir na seantuismitheoirí beo nó marbh ag an tionól seo. Más seantuismitheoir duine den fhoireann, d'fhéadfadh an duine sin an choinneal a lasadh.

## Paidir Thosaigh

A Thiarna chaoin, bailímid le chéile anseo inniu in ainm an Athar, an Mhic is an Spioraid Naoimh. Déanaimid na huiscí coisricthe éagsúla a dhoirteadh isteach sa bhabhla seo, rud a chuireann i gcuimhne dúinn gur baisteadh i mbeatha, i mbás agus in aiséirí Chríost a bronnadh orainn. Is sinne clann Dé. I rith na seachtaine seo déanaimid ceiliúradh ar Sheachtain na Scoileanna Caitliceacha sa tír seo. Tá áthas orainn bheith páirteach i bpobal na scoile seo. Gabhaimid buíochas leat as na daoine ar fad a bhaineann le pobal na scoile agus a ndéanann áit ar leith ar fad aisti. Cabhraigh linn ár ndícheall a dhéanamh maidir le do bhealach a leanúint agus ár ndícheall a dhéanamh i gcónaí againn. Áiméan.

### Moltaí don Iomann Tosaigh

- 'Dia do Bheatha a Rí na Grás'
- 'Fáilte Romhat a Rí na nAingeal'
- 'A Dhia is a Athair'

**Léacht** Léacht ón dara litir a scríobh Naomh Pól chuig Tiomóid (*2 Tiom 1:6-8, 13-14*)

Sin é an fáth a bhfuilim á chur i gcuimhne duit tabhartas Dé a athmhúscailt, an tabhartas úd a fuair tú nuair a chuir mise mo lámha ort. An spiorad a thug Dia dúinn ní spiorad na meatachta é ach spiorad na fearúlachta agus an ghrá agus an fhéinsmachta. Ná bíodh aon náire ort dá bhrí sin fianaise a thabhairt ar ár dTiarna agus ná bíodh aon náire ort fúmsa atá i mo phríosúnach ar a shon. Ní hea, ach fulaingse cruatan liom ar son an dea-scéil as ucht an chumais atá faighte agat ó Dhia. An teagasc folláin a chuala tú uaimse, coimeád agat mar threoir é agus lean den chreideamh agus den ghrá atá agat i gCríost Íosa. An taisce luachmhar atá faoi do chúram, cosain é le cabhair an Spioraid Naoimh a chónaíonn ionainn.

Sin é Briathar Dé.

**Buíochas le Dia.**

### Salm

- Is é an Tiarna m'Aoire

## Soiscéal

Sliocht as an Soiscéal naofa de réir Naomh Lúcás (*Lúcás 17:5-10*)

Dúirt na hAspail leis an Tiarna: "Méadaigh an creideamh againn." Ach dúirt an Tiarna: "Dá mbeadh oiread ghráinne an tsíl mhustaird de chreideamh agaibh, déarfadh sibh leis an gcrann maoildeirge seo: 'Baintear as do fhréamhacha tú, agus déan tú féin a phlandáil san fharraige!' agus dhéanfadh sé rud oraibh. Cé agaibh a mbíonn seirbhíseach aige ag treabhadh nó ag aoireacht, a déarfaidh leis nuair a thagann sé isteach ón ngort: 'Tar anois agus buail fút ag bord'? Ina ionad sin, nach é a déarfaidh sé leis: 'Réitigh rud chun dinnéir dom, fáisc crios fút féin agus freastail orm, nó go mbeidh ite agus ólta agam, agus ansin déanfaidh tú féin ithe agus ól'? An ea go mbíonn sé faoi chomaoin ag an seirbhíseach de chionn go ndearna seisean a raibh ordaithe? Amhlaidh sin daoibhse ; nuair a bhíonn gach a raibh ordaithe déanta agaibh abraigí; 'Is seirbhísigh gan aird sinn: níl déanta againn ach an méid a bhí d'fhiacha orainn a dhéanamh.'"

Sin é Soiscéal Dé.
**Moladh Duitse a Thiarna Íosa Críost**
*nó*
**Glóir Duit a Thiarna**

AR SCOIL

## Guí an Phobail

**Réamhrá** Bíonn fonn ar an Tiarna a chabhair is a bheannacht a bhronnadh orainn, agus is mar sin a chuirimid ár bpaidreacha os a chomhair

**Freagra** *A Thiarna bí ceansa agus éist linn.*

1. Guímid ar son an Phápa Naofa Beinidict, ar son na n-easpag, ar son na cléire uile agus ar son mhúinteoirí an chreidimh. Cuimhnímid ar ord na ........................: déan iad a neartú sa mhinistreacht atá rompu freastal ar chách. *A Thiarna éist linn.*

2. Guímid ar son teaghlaigh an domhain, gur muintir shona bheannaithe a bheidh iontu. *A Thiarna éist linn.*

3. Guímid go ndéanfar an bheatha a chothú ar an oiread bealach agus is féidir, go dtiocfaidh deireadh le cogadh agus le foréigean, agus go ndáilfear acmhainní an domhain go cothrom ar chách. *A Thiarna éist linn.*

4. Guímid ar son ár muintir a d'imigh romhainn ar aistear na beatha, cuimhnímid ach go háirithe ar iardhaltaí agus ar fhoireann Scoil ......................... Go gcuire tú fáilte rompu in aoibhneas na bhFlaitheas. *A Thiarna éist linn.*

5. Guímid ar son na ndaoine a chuir le saol is le stair Scoil ......................... *A Thiarna éist linn.*

6. Guímid ar son na Seantuismitheoirí, beo nó marbh. Go lonraí solas an chreidimh a bhronn siad orainn go geal inár saoil anois is i gcónaí. *A Thiarna éist linn.*

## Machnamh

Rugadh leanbh fireann,
I stábla ar thaobh an chnoic,
Tháinig chun a adhradh
Na trí ríthe ón Oirthear
Ógánach dhá bhliain déag d'aois
D'imigh gan tásc gan tuairisc
Fuair a mhuintir sa Teampall é
Ag comhrá leis na saoithe
Siúinéir ó Nazarat
Dúirt gurb é Mac Dé
'Is mise an bealach
Chun an bheatha shíoraí,' ar sé
Fear ar chros chéasta
Ansin i measc coirpeach
Rómhánaigh a mharaigh é
Nach ndearna beart claon
Corpán sa tuama
In aice Iarúsailéim
Ceapadh go raibh deireadh leis
Tháinig sé aníos ón mbás
Chonaic na sluaite é
An Críost aiséirithe
Tar éis daichead lá
Tharla an deascabháil
Le dhá mhíle bliain anuas
Tá an duine seo beo inár measc,
Cuireann sé dúshlán romhainn,
An bhfuil áit agat dó i do chroí?
(*Ní fios cé scríobh*)

## An Phaidir Dheiridh

A Thiarna Chaoin, gabhaimid buíochas as na múinteoirí, na tuismitheoirí, na sagairt, agus an uile dhuine a chuireann le saol iontach na scoile seo. Tugaimid na daoine sin chun cuimhne a bhain le pobal na scoile san am atá thart. Táimid ag súil leis go mbeidh lóchrann an chreidimh á adhaint againn féin a todhchaí. Iarraimid an phaidir seo ort trí Chríost ár dTiarna. Áiméan.

# An gCreideann Tú i mBia?

Is cuid bhunúsach dár saol é an bia, agus is suimiúil an rud é labhairt leis na mic léinn maidir leis na bianna a thaitníonn leo a ullmhú is a ithe. An mbuaileann an smaoineamh sinn riamh gur bealach chun traidisiún an chreidimh a phlé atá sa chócaireacht? Ar na leathanaigh seo leanas cuireann Patricia Kieran agus Catherine McNally moltaí os ár gcomhair maidir le deiseanna a chur ar fáil eachtra chreidimh nó traidisiún diaga a phlé, ina mbíonn bia mar eochairghné tábhachtach iontu. Tabhair an scéal seo chun cuimhne agus déan an bhrí atá leis a chíoradh leis na mic léinn. Seans go n-aithneoidh sibh conas mar a rinne baill an phobail chreidimh an scéal seo, nó an téacs diaga seo a cheiliúradh ag féile na hEaglaise, trí dheasghnáth nó trí thraidisiún chreidimh. Bain triail as cuid acu sa rang Eacnamaíochta Bhaile.

## Na Riachtanais

1 glóthach oráiste

1 glóthach líoma

1 glóthach shú talún

1 glóthach chuirín

uisce beirithe (Tabhair aire i gcónaí bheith sábháilte leis)

## Glóthach Bhogha Naoi

*Tá nasc idir an t-imeacht seo agus scéal Naoi agus an tuar ceatha, a tharlaíonn sa Bhíobla. (Gein. 9:13-16). 'Cuirim mo bhogha sna néalta i gcomhartha an Chonartha idir mise agus an talamh. Nuair a chruinneoidh mé na néalta os cionn na talún agus go bhfeicfear an bogha sna néalta, cuimhneoidh mé ar an gConradh atá idir mise agus sibhse agus gach dúil bheo den uile fheoil; agus ní dhéanfaidh díle go deo arís de na huiscí chun an uile fheoil a scrios.'*

Nuair a bhíonn an ghlóthach seo á dhéanamh agat b'fheidir go léifidh tú scéal na Díleann do na mic léinn, agus plé a dhéanamh leis na daltaí faoi conas mar a léiríonn an bogha báistí álainn an conradh a rinne Dia lena mhuintir féin, agus an gaol ghrá atá eatarthu. Aon uair a fheicimid bogha báistí, cuirtear grá Dé i gcuimhne dúinn. Is féidir an ghlóthach sodhéanta seo a ullmhú le citeal agus gabhdán leis an nglóthach a leá ann. Má bhíonn crúiscín teas-obach agat in aghaidh an mhic léinn, is ea is fearr, ionas gur féidir na sraitheanna éagsúla glóthaí a chur i ngach crúiscín ag an am céanna. Má bhíonn teacht agat ar reoiteoir, gearrfaidh sé anuas ar am théachtadh na glóthaí. Is féidir déanamh gan reoiteoir, ach glacfaidh sé cúpla lá na sraitheanna dathanna éagsúla a chur leis na crúiscíní, ionas go dtarlóidh an téachtadh i gceart.

**Modh Oibre** Measc an ghlóthach shú talún i mbabhla leis an méid ceart uisce te, de réir na dtreoracha ar an bpaicéad. Lig dó fuarú. Cuir roinnt den leacht atá ag fuarú isteach i ngach aon cheann de na crúiscíní atá leagtha amach don rang. Lig dó téachtadh sa reoiteoir ar feadh leath uair a' chloig. Lean leis an bpróiseas seo maidir leis an nglóthach líoma agus leag anuas ar an nglóthach shú talún í. Lean leis an bpróiseas seo maidir leis an nglóthach chuirín dubh agus leis an nglóthach oráiste. (Bí cinnte faoi go bhfuaraíonn an ghlóthach sula gcuirtear sraith eile léi.)

## Na Riachtanais

100g im

300g oinniún mionghearrtha

4 ionga gairleoige

I tsp salann agus piobar dubh de réir rogha

1.5 lítear stoc shicín nó ghlasraí (ó chiúbanna stoic shicín)

900g piseanna reoite

3 tbsp lus an choire/ peirsil/biolar mionghearrtha de réir rogha

Roghnach: Cuir chillí glas/dearg mionghearrtha gan síolta leis. Bí cinnte gur duine fásta a bhaineann na síolta ar mhaithe leis an tsábháilteacht.

## Pis-Anraith Glas Naomh Pádraig

Is é Pádraig Naofa éarlamh na hÉireann, agus tarlaíonn a lá fhéile ar an 17 Márta. Lá saoire poiblí atá ann. Is suimiúil an rud é go gciallaíonn an focal Béarla le haghaidh lá saoire 'lá naofa', agus gurb é an lá naofa an t-aon lá saor a bhíodh ag daoine sa sean-am. Tagann an t-anraith glas seo i dtír ar an nasc a bhí idir Naomh Pádraig agus an obair a rinne sé chun an Soiscéal a chraobhscaoileadh. De réir seanchais bhain sé úsáid as an tseamróg ghlas mar áis chaiticeasmach chun an Tríonóid a mhúineadh do na daoine. In aigne na ndaoine tá ceangail láidir ag Pádraig leis an dath glas, dath a chiallaíonn fás agus beatha. In aigne na ndaoine chomh maith, tá ceangail idir an dath glas agus muintir na hÉireann. De réir traidisiúin tá baint ag Pádraig le go leor paróistí agus eaglaisí ar fud na hÉireann, agus tá cuid mhaith oideas ann a luaitear le Lá Fhéile Pádraig, bacstaí mar shampla, nó caca prátaí, nó cál ceannann. Nuair a bhíonn an t-anraith seo á ullmhú agat, beidh cumascóir agus cócaireán de dhíth ort. Ba chóir go bhféadfá fiche chupán anraith a dháileadh ar dhaltaí ón oideas seo. Nóta: Tá daoine ann nach dtaitníonn chillí leo, agus más mar sin atá an scéal ar scoil, b'fhearr gan an chillí a chur leis an anraith.

**Modh Oibre** Déan an t-im a leá. Cuir an t-oinniún, an ghairleog agus más gá, an chillí leis. Dean comhábhar a tharraingt ar theas íseal ar feadh 3 nó 4 nóiméad go dtí go mbíonn siad bog go leor. Cuir an stoc leis an bpota, agus beirigh. Cuir na piseanna leis an bpota agus beirigh ar feadh 2 nó 3 nóiméad go dtí go mbíonn na piseanna bog. Cuir lus an choire/peirsil/biolar leis. Ag an deireadh, déan leacht deas mín as sa chumascóir.

## Na Riachtanais

1/4 chupán ime

4 chupán leamhacháin bhána

6 chupán de bhrioscáin ríse

Paicéad mionuibheacha seacláide le cur sna neadacha

## Neadacha Cásca

Is í an Cháisc, féile lárnach na Críostaíochta, agus déantar ceiliúradh ag an am sin ar aiséirí Chríost. Tá scéal na Cásca, a dhéanann cur síos ar aiséirí Chríost mar bhunchloch den chreideamh Críostaí. Is féidir cur síos ar an scéal seo a léamh do na mic léinn *Matha 28:1-10*; *Lúcás 24:1-12*; *Marcas 16:1-8*; *Eoin 20:1-10*).

Deir Naomh Pól: 'Mura bhfuil Críost aiséirithe tá ár bhfógairt gan bhonn agus tá bhur gcreideamhsa gan bhonn mar an gcéanna. (*I Cor 15:14*). Is í an Cháisc an fhéile Chríostaí a dhéanann ceiliúradh ar an mbeatha úr. Lorgaíonn an Tiarna uainn go ndéanfaimis an bheatha nua seo a d'eascair óna aiséirí ó na mairbh a roinnt leis. Is iomaí siombail den bheatha úr a bhíonn le sonrú um Cháisc (coiníní, sicíní, uain) agus déanann an nead Chásca seo nascadh idir an creideamh Críostaí agus an bheatha nua is an fás úr a tharlaíonn san Earrach. Is siombail ársa den bheatha nua í an ubh, agus feictear mar bhia í béile Cháisc na nGiúdach. Bíonn uibheacha mar shiombail ar an mbreith is ar an gcumhacht chomh maith. Bíonn an ubh Chásca mar shiombail den tuama cloiche as ar aiséirigh Críost. Ó thús na Críostaíochta i leith, chuirtí dathanna geala ar uibheacha Cásca, dhéantaí iad a bheannú is a bhronnadh ar chairde mar bhronntanais Chásca. Déanann an t-aiséirí ceiliúradh ar an saol nua a chuirtear roimh Chríostaithe, saol atá le roinnt leis an Tríonóid Naofa. Nuair a bhíonn na leamhacháin bhána á chur leis an oideas agat, cuir i gcuimhne do na mic léinn gur dath liotúirgeach na Cásca atá sa dath bán.

**Modh Oibre** Déan an t-im a leá i bpota nó sa mhicreathonnán. Cuir na leamhacháin leis agus corraigh go dtí go mbíonn siad leáite. Bain ón teas. Cuir na brioscáin ríse leis an meascán. Corraigh go maith. Déan cruthanna neadacha astu. ( B'fhéidir gur mhaith an rud úsáid a bhaint as cásanna borróg), agus nuair a fhuaraíonn an meascán, cuir na mionuibheacha seacláide isteach iontu. Is féidir breis agus fiche nead a dhéanamh sa turas seo.

## Na Riachtanais

2 úll mhór cócarála

50g sméara dubha (nite)

2 tspn uisce

1 líomóid/sú líomóide

1–2 tbsp siúcra mionaithe (mar a oirfidh)

## Don mhionbhruar

150g plúr

75g margairín

50g siúcra

## Mionbhruar Chruthú an Domhain

*'Tugadh an talamh an fásra uaidh: An lusra lena shíol, an crann toraidh lena shíol ina thoradh, gach ceann de réir a chineáil ar an talamh.' (Gein. 1:11)*

Tá an gníomh seo oiriúnach don Fhómhar, nuair a bhíonn barraíocht úll agus caor ann. D'fhéadfá scéal Chruthú an Domhain a léamh do na daltaí agus plé a dhéanamh faoin réimse toradh agus glasra a thairgtear go háitiúil. Más féidir leat ceangal leis an idirlíon tá beochan Chruthú an Domhain le feiceáil ar http://kids4truth.com/dyna/creation.aspx.

Is féidir mionbhruar sáibhre a dhéanamh chomh maith, gan aon siúcra a úsáid sa mheascán. Bí aireach faoi shábháilteacht na mac léinn a ullmhaíonn torthaí nó glasraí le scian nó le scamhaire.

**Modh Oibre** Déan oigheann a réamhthéamh go 180° C/marc gháis 4. Déan na húlla a ní, a scamhadh, na croíthe a bhaint díobh agus iad a ghearradh i slisní. Cuir i mbabhla iad leis an sú líomóide (cuireann seo bac ar an ndonnadh). Déan draenáil orthu. Measc an siúcra is na húlla le chéile. Cuir na húlla i mbun méise atá oighean-oiriúnach. Déan an plúr a chriathrú i mbabhla, measc an siúcra leis, agus cuimil an margairín isteach sa mheascán go dtí go mbíonn cruth bhrus aráin air. Cuir an mionbhruar anuas ar an toradh. Déan é a bhácáil san oigheann ar feadh 30 – 40 nóiméad.

## Na Riachtanais

2 chairéad, scamhaithe agus gearrtha

4 chraobh shoilire – nite & sliste

4 chainneann mheánacha – cóirithe, nite & sliste

2 tbsp ola

2 tbsp plúr caiscín

1 clóbh gairleoige – brúite

1 400g canna trátaí mionghearrtha

1 400g canna pónairí móra nite le huisce fuar

1 tsp úisc ghiosta

Leath spúnóg luibheanna measctha

Salann & piobar mar bhlaistiú

## Don Bharr

50 g margairín

50 g coirce leitean rollta

25 g síolta sheasamain

25 g cnónna mionghearrtha

50 g cáis chéadair

## Mionbhruar Glasraí

Am ullmhúcháin: 20 nóiméad. Freastalaíonn ar: 4–6

**Modh Oibre** Déan na glasraí a ghalthéamh go dtí go mbíonn siad nach mór bog. Déan iad a dhraenáil go maith. Idir an dá linn téigh an ola i bhfriochtán mór agus cuir an plúr leis. Cuir isteach an ghairleog is na trátaí, na pónairí móra, an giosta agus na luibheanna agus déan iad a shuaitheadh go maith. Cuir na glasraí galtéamhtha isteach sa fhriochtán. Déan an blas a sheiceáil, agus cuir salann agus piobar nua-ullmhaithe leis más gá.

Cuir an meascán i mias oigheann-oiriúnach. Chun an barrán a dhéanamh leáigh an margairín, cuir an coirce, na síolta sheasamain agus dhá thrian den cháis isteach ann, agus cuir isteach i mias oighean-oiriúnach é. Spréigh an barrán anuas ar an mionbhruar agus spréigh an chuid eile den cháis ar an mbarrán. Déan é a bhácáil ar feadh 20 nóiméad ag 375° F (190° C/marc gháis 5) go dtí go mbíonn dath donn órga ar an gcáis.

# An Chéadaoin, 2 Feabhra
# Lá Fhéile Toirbhirt ár dTiarna agus Slánaitheoir Íosa Críost sa Teampall



© Wikimedia Commons

Déanaimid Lá Fhéile Toirbhirt an Tiarna a cheiliúradh ar an 2 Feabhra. Déanann an fhéile seo comóradh ar imeacht a tharla go luath i saol Íosa. http://en.wikipedia.org/wiki/Jesus. Tá sé mar cheann den dá bhféile dhéag is mó i saol na hEaglaise. Ithttp://en.wikipedia.org/wiki/Great_Feasts_of_the_Orthodox_Church of the Eastern Orthodox Church http://en.wikipedia.org/wiki/Eastern_Orthodox_Church, agus uaireanta glaoitear *Hypapante* air, focal a chiallaíonn 'Teagmháil' sa Ghréigis.

Rinneadh an méid seo leanas a chur in oiriúint dúinn ón ngnásaíocht Bhiosántach agus is acmhainn shaibhir í maidir leis an fhéile a cheiliúradh.

Léigh an méid seo leanas agus tabhair freagra ar na ceisteanna éagsúla a tharlaíonn sa téacs.

**Réamhrá** Daichead lá i ndiaidh bhreith Chríost cuireadh os comhair Dé i dteampall Iarúsailéim é, de réir an dlí Maoiseach. Ag an am seo chomh maith a tharla íonghlanadh Mhuire, agus d'ofráil sí na híobairtí a leagtar síos sa Dlí. Mar sin, ar an 2 Feabhra, daichead lá i ndiaidh na Nollag, déanann an Eaglais ceiliúradh ar Lá Fhéile Toirbhirt an Tiarna, ar a nglaoitear An Teagmháil (toirbhirt, bronnadh).

Is é an teagmháil a rinne Críost le Simeon agus leis an mbanfháidh Anna (*Lúcás 2:22-36*) an t-imeacht a cheiliúrann an fhéile. Bhí foilsiú faighte ón Spiorad Naomh ag Simeon nach bhfaigheadh sé bás nó go bhfeicfeadh Meisias an Tiarna. (*Lúcás 2:26*). Spreag an Spiorad céanna é agus tháinig sé chun an Teampaill, áit ina ndearna sé teagmháil leis an Meisias nuabheirthe, ghlac sé chuige ina ucht é agus mhol Dia agus dúirt na focail seo, an chantaireacht a ndéantar gach tráthnóna ag deireadh na seirbhíse:

*Anois atá tú ag scaoileadh do sheirbhísigh uait, a Thiarna, de réir d'fhocail faoi shíocháin, mar tá mo shúile tar éis do shlánú a fheiceáil atá ullamh agat faoi chomhair na bpobal uile: solas chun na náisiúin a shoilsiú agus glóir do phobail Iosrael.*

## Cad is brí leis an téarma 'nua i láthair'?

Is ar an lá seo a thugann an Eaglais Teagmháil an Tiarna sa Teampall chun cuimhne, agus a dhéanann sí beo úr í mar imeacht nua i láthair. Nuair a labhraímid faoi rud a bheith nua i láthair, is éard atá i gceist againn ná go dtugaimid isteach inár saoil é amhail is dá mba rud é go mbíonn sé ag tarlú san am i láthair. Ní hé go ndéanaimid ceiliúradh ar eachtra stairiúil, ach go mbíonn ceiliúradh á dhéanamh againn ar eispéireas fíor, beo, ar rud a tharlaíonn san am i láthair. Bíonn deis againn an t-ionchas áthasach agus an réamhghabháil naofa a mhothaigh Simeon, a bhrath sinn féin, agus páirt bheith againne i mbeatha shíoraí an Athar, agus lena Mhac Íosa Críost. (2 Pead. 1:3-4)

*Cad chuige a mbíonn an fhéile á cheiliúradh againn?*

· Leagann ceiliúradh na féile an bhéim ar an mbealach gur ghlac Simeon Críost, Mac Bhriathar Dé, agus mac an té a chruthaigh an domhan chuige ina ucht; agus go gcomhlíonann an Mac Dé céanna, Bronntóir an Dlí, go gcomhlíonann sé an Dlí é féin, agus é in ucht Shimeon mar pháiste dhaonna.

· Deimhníonn an ceiliúradh gurb é Íosa, an Briathar Ionchollaithe, an té ar labhair an Dlí agus na fáithe faoi, atá tagtha anseo chun an cine daonna a shábháil

*Cad atá á fhógairt i rith na féile?*

**Déan an méid seo a phlé**

· Déantar Íosa a fhógairt mar Shlánaitheoir os comhair an tsaoil, an pobal a bhí ag súil leis.

· Tagann sé chun an Dlí Maoiseach a chomhlíonadh, chun anamacha na bpeacach a shlánú.

### Íocón na Teagmhála

Breathnaigh ar an Íocón ar feadh cúpla nóiméad ...

**Tabhair Faoi Deara** San íocón is ea a fheicimid Íosa á thabhairt chun an Teampaill, leis an Mhaighdean Mhuire, Naomh Iósaf, an sagart Simeon, agus an bhanfháidh Anna. Cad iad na hiomainn ar leith a bhíonn á chanadh againn a mhíníonn brí na féile seo dúinn?

· Is iad na hiomainn ar leith a bhíonn á canadh againn ná an Troparion, an Kontakion agus an Hirmos.

### Léigh na focail agus foghlaim conas na hiomainn seo a chanadh:

· **Troparion** 'Sé do bheatha a Mhuire, a Mháthair Dé, atá lán de ghrásta, is uaitse a tháinig Mac an Chirt, Críost ár dTiarna, chun an solas a chaitheamh ar an muintir sa dorchadas. Tusa chomh maith, a Shimeon an seanóir ionraic, déan gairdeas, ghlac tú chugat i d'ucht Slánaitheoir ár n-anamacha a thabharfaidh chun an t-aiséirí sinn.

· **Kontakion** A Chríost ár nDia, a naomhaigh broinn na maighdine, agus a bheannaigh géaga Shimeon, tagann tú inniu chun sinne a shlánú! Nuair a bhíonn cogaí i réim, bronn an tsíocháin ar do mhuintir féin agus tabhairt neart do na húdaráis an dea-ghníomh a chleachtadh, óir is tusa amháin a ghránn an cine daonna.

· **Hirmos** A Mháthair Dé, dóchas agus neart an uile Chríostaí, gardáil na daoine sin a gcuireann a muinín ionat, a chroí ghléghlan. Go dtugaimid glóir don Chéadghin, briathar síoraí Dé, a rugadh ó Mhuire síor-ógh, óir tugadh an grásta dúinn éalú ó thionchar fhuarlitir an dlí agus tuar Chríost a fheiceáil sna focail seo: 'Gach fireannach atá ina chéadghin, is rud coisricthe don Tiarna é!'

## Cén fáth go mbaineann tábhacht ar leith leis an fhéile?

### Pléigh an méid seo leanas

· Tar éis do Shimeon teagmháil a dhéanamh leis an Tiarna, guíonn sé mar seo, "*Anois atá tú ag scaoileadh do sheirbhísigh uait, a Thiarna, de réir d'fhocail, faoi shíocháin, mar tá mo shúile tar éis do shlánú a fheiceáil atá ullamh agat faoi chomhair na bpobal uile: solas chun na náisiúin a shoilsiú agus glóir do phobail Iosrael.*" ( *Lúcás 2:29-32*).

· Toisc go bhfaca Simeon an Slánaitheoir, comhlíonadh mianta a chroí agus brí a bheatha. Tá sé ullamh chun báis. Cén ceacht atá le foghlaim againn ó fhocail Shimeon?

· Más é an Slánaitheoir mian ár gcroí, chomh maith le Simeon, beidh ar ár gcumas an saol a fhágáil go síochánta nuair a dhéanaimid teagmháil leis.

· Chomh maith le sin, beidh ar ár gcumas droim láimhe a thabhairt do bhuairt agus do chúraim an tsaoil, don tosaíocht éagórach a thugaimid do na nithe saolta lenár mbeo, agus glacfaimid chugainn luachanna fuascailteacha an tSoiscéil: "Saoirse ghlórmhar chlann Dé." (*Rómh. 8:21*).

Pléigh an méid seo leanas

*Cén ról atá againne maidir leis an Teagmháil?*

### Pléigh an méid seo leanas

Conas is féidir linn ár gcroíthe a ullmhú le haghaidh na teagmhála le Críost?

· Má spreagann an spiorad céanna a spreag Simeon sinn, agus má threoraítear isteach in Eaglais an Mheisias sinn, beidh ar ár gcumas an teagmháil chéanna a lorg leis an Tiarna, ionas go mbeimid mar fhinnéithe leis gur féidir linn an saol a fhágáil go síochánta, toisc go bhfacamar slánú Dé i bpearsa Chríost.

## Le Déanamh

· Bí i láthair mar theaghlach ag Aifreann na féile sa pharóiste

· Léigh na léachtaí ó na scrioptúir atá luaite don lá seo, agus déan machnamh orthu:

· *Eabhraigh 7:7-17   Lúcás 2:22-40*

· Déan machnamh ar íocón na Teagmhála

· Déan coinnle a chur ar fáil don pharóiste le go mbainfí úsáid astu i mbeannacht na gcoinnle, in onóir do Chríost, an té a thugann léargas don saol ar fad.

Is inniu a ghlaonn Simeon 'solas chun na náisiúin a shoilsiú' ar Íosa, agus is dá bharr sin a ndéantar na coinnle a bheannú ar an fhéile seo. Cuirtear tús le liotúirge an tSolais trí na coinnle a bheannú is a lasadh, agus leanann an liotúirge le mórshiúl.

AR SCOIL

# An Déardaoin 3 Feabhra
# Lá Fhéile Naomh Blaise




© Romary / Wikimedia Commons

## Éarlamh Tinnis Scornaí

Cuimhníonn Caitlicigh go leor ar **Lá Fhéile** Naomh Blaise toisc go ndéantar na scornacha a bheannú ar an lá seo. Déantar dhá choinneal a bheannú, crosáiltear iad, agus leagtar anuas ar an scornach iad fhad is a bhíonn **an bheannacht** á rá. An chosaint a thugann Naomh Blaise do dhaoine le fadhbanna scornaí, deirtear de réir an tseanchais gur eascair sé ón eachtra inar tugadh buachaill óg a raibh cnámh éisc greamaithe ina **scornach**, chuig Blaise. Bhí an buachaill ar tí bháis nuair a leigheas Naomh Blaise é. Níl mórán eolais againn faoi Blaise féin. Creidtear gur easpag Sebastea san **Airméin** a bhí ann, agus go ndearnadh mairtíreach de le linn réimis Licinius go luath sa cheathrú chéad. Deir finscéal **a bheatha**, a d'fhás aníos san ochtú chéad, deir sé linn gur rugadh é do theaghlach uasal rachmasach, agus gur tógadh mar Chríostaí é. Ceapadh é mar **easpag**, agus go gairid ina dhiaidh sin cuireadh tús le **géarleanúint** úr ar Chríostaithe. Fuair sé teachtaireacht ó Dhia a dúirt go gcaithfeadh sé éalú ón ngéarleanúint trí dhul isteach sna sléibhte. Tháinig fir a bhí ag sealgaireacht sna sléibhte ar phluais a bhí timpeallaithe ag ainmhithe fiáine tinn. Bhí Blaise ag siúl ina measc, gan eagla ar bith air, agus iad á leigheas aige ó pé tinneas a bhí orthu. D'aithníodar Blaise mar easpag, agus rugadar abhaile air, le go gcuirfí ar thriail é. Ar an mbealach abhaile, chuir sé ina luí ar mhac tíre scaoileadh le muc a bhain le bean bhocht. Nuair a daoradh Blaise chun báis, le go mbeadh sé stiúgtha leis an ocras, d'éalaigh an bhean bhuíoch isteach sa charcair le coinnle is le bia. Ag an deireadh, mharaigh an gobharnóir é. Is é Blaise éarlamh na n-ainmhithe allta toisc gur thug sé aire dóibh agus do na daoine le tinneas scornaí.

**Paidir** A Bhlaise Naofa, guí ar ár son nach gcuirfidh aon ghalar scornaí isteach orainn, agus guí orthu san atá ag fulaingt go ndéanfaidh grá Dé iad a leigheas. Áiméan.

## Gníomhaíochtaí

1. Déan scrúdú ar shaol Bhlaise, agus déan iarracht tuilleadh eolais a bhailiú faoi.
2. Caith roinnt ama chun na bealaí a aithint ina bhféadfá féin cabhrú leis na hainmhithe, ar nós Bhlaise. Bailigh eolas faoi na bealaí ina ndéantar tacú leis agus cosaint a thabhairt don fhiadhúlra i do dhúiche féin. Bíonn an fiadhúlra le sonrú i ngach áit, fiú sa chathair. Chabhródh bord éin féin le créatúir Dé a thabhairt slán.
3. Bain úsáid as na focail throma san alt seo chun abairtí a dhéanamh, abairt in aghaidh an fhocail:

# Mo Chéim i Saol an Teaghlaigh Chaitlicigh

## Taithí spreagúil a dhéanann an fhéiniúlacht a thógáil

### Spriocanna Phlean Ceachta

A chur ar chumas na ndaltaí:

· Smaointí a ghiniúint a bhaineann le hábhar féiniúlachta

· Iad féin a aithint mar dhaoine a tógadh ar bhealach ar leith sa bhaile, na scéalta pearsanta agus na gaolta a bhaineann leo

· Na téacsanna a scríobh dhá Phápa maidir le hóige na hÉireann a aithint

· Cur síos ar na naisc atá acu le daoine eile agus le Dia sa phobal creidimh

· Machnamh a dhéanamh ar na bealaí inar féidir leo an gaol atá acu le Dia agus lena muintir sa phobal creidimh a chothú

### Réamhrá

Ransú smaointe faoi ábhar na féiniúlachta:

· Cad as a dtagann an fhéiniúlacht a bhaineann liom?

· Cé a chothaíonn é?

· An dtagann m'fhéiniúlacht ón chreideamh?

### Forás

Déan roinnt daoine a aithint a bhíonn ag cabhrú linn féiniúlacht bheith againn, agus conas a dhéantar é seo ar bhealaí dearfacha nó ar bhealaí diúltacha.

Tabhair isteach na trí théacs seo ar an CBI nó ar bhileog eolais:

**A.** Nuair a bhreathnaím oraibhse, feicim todhchaí na hÉireann ionaibh. Amach anseo, is sibhse a bheidh mar chroí na tíre; is sibhse a ghlacfaidh an cinneadh faoin treo a ghlacann an tír. Amach anseo, mar mhúinteoirí nó mar theicneoirí, mar altraí nó mar rúnaithe, mar fheirmeoirí nó mar innealtóirí, mar shagairt nó mar bhaill ord rialta, - is ansin a bheidh an chumhacht agaibh an fhís a chur i gcrích. Beidh Éire an lae amárach ag brath oraibhse ...[1]

**B.** A Óige na hÉireann, tá cion agam oraibh! A Óige na hÉireann, cuirim mo bheannacht oraibh! [2]

**C.** ... bíodh gaol pearsanta á lorg agaibh leis... mar nach ndéanfaidh sé feall riamh ar an muinín a bhíonn agaibh as. Is eisean amháin a shásóidh na mianta doimhne atá ionaibh agus a thabharfaidh brí iomlán don saol ... Bíodh bhur n-aire dírithe ar Chríost agus ar a mhaitheas siúd, agus cuir fothain in bhur gcroí ar fáil do lasair an chreidimh ... [2]

### Ceisteanna Fócais

**1.** Cad é an chéad éachtaint a fhaigheann tú ar na téacsanna seo?

**2.** An bhfuil brí acu le do shaol féin

**3.** Cé a scríobh iad, an dóigh leat?
(A agus B: Aitheasc an Phápa Eoin Pól II chuig óige na hÉireann sa Ghaillimh, 1979.

**C:** An Pápa Beinidict XVI Litir Chuig Caitlicigh na hÉireann, 2010.)

**4.** An dóigh leat go mbeadh éifeacht ag na ráitis seo maidir le féiniúlacht na hEaglaise Caitlicigh sa todhchaí, agus conas san?

Má theastaíonn uait go gcloisfeadh na daltaí aitheasc Eoin Phóil II chuig óige na hÉireann, 1979, tá sé ar fáil ag: http://catholicbishops.ie/index.php?option=com_content&view=article&id=874:september-1979-visit-of-pope-john-paul-ii-toireland&catid=59:audio.

### Conclúid

· Cuir na príomhphointí tagartha den phlé ar chlár.

· Scríobh litir mar fhreagra ar litir an Phápa chuig an sagart paróiste nó chuig an easpag áitiúil. Déan cuid de na tuairimí a phléigh sibh sa rang a roinnt leis sa litir. Bíodh roinnt moltaí nithiúla agaibh faoi conas mar a d'fhéadfadh an eaglais áitiúil an ráiteas '*Bíodh bhur n-aire dírithe ar Chríost agus ar a mhaitheas siúd, agus cuir fothain in bhur gcroí ar fáil do lasair an chreidimh...*' [4] a chomhlíonadh.

AR SCOIL

1 John Paul II (1979), Mass for the Young People of Ireland, http://www.vatican.va/holy_father/john_paul_ii/homilies/1979/documents/hf_jpii_hom_19790930_irlanda-galway-giovani_en.html

2 Ibid., n.6.

3 Benedict XVI (2010), Pastoral Letter of the Holy Father Pope Benedict XVI to the Catholics of Ireland, http://www.vatican.va/holy_father/benedict_xvi/letters/2010/documents/hf_ben-xvi_let_20100319_church-ireland_en.html

4 Ibid.

# Tíreolaíocht na Palaistíne

## An Suíomh Tíreolaíochta



### Iosrael/An Phalaistín

San alt seo maidir le hÍosa an Gailíleach, beimid ag breathnú ar Íosa ina chomhthéacs stairiúil, cultúrtha, spioradálta agus tíreolaíochta. Beimid ag iarraidh Íosa agus an méid a bhí le rá aige a shuíomh agus a thuiscint maidir leis an áit agus an t-am inar mhair sé. Breathnóimid ar phríomhghnéithe tíreolaíochta tír Iosrael, a dtugtar An Phalaistín nó An Talamh Naofa uirthi chomh maith – thug Ernest Renan an Cúigiú Soiscéal ar an áit seo, uair. Má eitlíonn tú chun Iosrael an lae inniu, tagann tú i dtír i gcathair Tel Aviv, áit atá ar thaobh an oirthir den Mhuir Meán.

### Ceist

Cén t-ainm eile a dtugtar ar An Phalaistín?

### Machaire an Chósta

Síneann machaire an chósta aduaidh ó dheas agus machaire torthúil atá ann. Tagann oráistí Jaffa, mar shampla, ón dúiche seo. Tá leithid éagsúil ag baint leis, roinnt ciliméadar ar leithead in áiteanna agus suas le daichead ciliméadar ar leithead sa deisceart ar fad, áit a ndéanann sé cumasc le dumhcha ghaineamhlaigh Negev.

Tá léargas sa ghrianghraf ar dheis den dúiche thuaisceartach, atá níos torthúla na sin. Má bhreathnaíonn duine i dtreo an oirdheiscirt, i dtreo mhachaire an chósta ó dheas ó Shliabh Chairmeil, is féidir na páirceanna agus na húlloird éagsúla a thabhairt faoi deara. Tá na cnoic a éiríonn taobh thiar de mhachaire an chósta le sonrú i bhfad uait. Is iad na cnoic seo an phríomhghné de thíreolaíocht tír Iosrael. Tá siad mar dhroim a théann aduaidh ó dheas trí lár na tíre. Tá an Ghailíl suite ar an taobh ó thuaidh den droim seo; ina lár tá dúiche chnocach na Sámaire. Tá Iarúsailéim suite ó dheas ó dhúiche chnocach na Sámaire, agus níos faide ó dheas uaidh tá cnoic Iúdáia. An bealach is fearr le tuiscint bheith ag duine faoi thíreolaíocht Iosrael ná breathnú uirthi mar a bheadh ceithre stiall ag dul aduaidh ó dheas: an chéad cheann machaire an chósta; an dara cheann dúiche chnocach an láir; an tríú ceann Gleann Abhann na hIordáine; agus an cheathrú cheann Cnoic na hIordáine, ar an taobh eile de Ghleann Abhann na hIordáine (ar a dtugtar an Trasiordáin chomh maith).

### Ceist

Mínigh an áit ina bhfuil Iarúsailéim suite .





## Muir na Gailíle

Is mar seo a thagaimid aniar aneas i dtreo Mhuir na Gailíle. Loch fionnuisce atá ann a chuidíonn le tionscal tábhachtach iascaireachta. Is é Tibirias príomhchathair na háite seo. Cathair faoi leith in aimsir Chríost a bhí inti chomh maith. Tá tábhacht stairiúil ag baint le Cafarnáúm freisin, luann scéalta Íosa sna Soiscéil go minic í. Tá sí suite ar imeall Mhuir na Gailíle, ó thuaidh ó Thibirias.

## Gníomhaíocht

Scríobh alt gearr maidir le Muir na Gailíle

## Gleann Abhann na hIordáine

Má thaistealaímid ó dheas ón nGailíl, bímid ag taisteal trí Ghleann Abhann na hIordáine. Déantar uisciú go forleathan sa ghleann seo, mar a fheiceann tú sa ghrianghraf seo d'Abhainn na hIordáine. Tá an dúiche chnocach an Láir le sonrú ar dheis, ag éirí aníos ó mhachaire Ghleann na hIordáine. Tá Gleann na hIordáine suite 2310 méadar faoi leibhéal na farraige ag Muir na Gailíle, agus téann sé le fána go doimhneacht 400 méadar ag an Mhuir Mharbh, an áit is ísle ar dhromchla an domhain.

## Ceist

Tá Gleann na hIordáine suite cé mhéad méadar faoi leibhéal na farraige?



AR SCOIL

# Machnamh do Bhaill an Bhoird Bainistíochta/Gobharnóirí agus Don Fhoireann

Is féidir machnamh gearr do bhaill fhoirne agus do bhaill den Bhord Bainistíochta/Gobharnóirí a bhunú ar an méid atá thíos, i rith Sheachtain na Scoileanna Caitliceacha 2011.

*I rith Sheachtain na Scoileanna Caitliceacha beidh deis agaibhse mar fhoireann agus mar bhaill den Bhord Bainistíochta/Gobharnóirí machnamh a dhéanamh faoi dhá cheann den cheithre cheist atá thíos, maidir leis na tosca ar leith a bhaineann libh.*

Moltar go mbeadh am á chaitheamh agaibh ag machnamh ar na ceisteanna seo ag cruinniú foirne nó cruinniú den Bhord Bainistíochta. Is é téama na bliana seo ná **'Na Scoileanna Caitliceacha, Fréamhaithe in Íosa Críost'**. Déanann an téama seo na díospóireachtaí ón mbliain seo caite a fhorleathnú, agus déanann siad an scoil Chaitliceach a fhréamhú ar bhealach faoi leith, i bpearsa Íosa Críost. Ar an gcéad dul síos, tugtar cuireadh daoibh dul siar ar feadh nóiméad go dtí an díospóireacht a rinne sibh anuraidh maidir leis an mbrí a bhain le duine bheith mar Chaitliceach, agus forbairt a dhéanamh ar an méid sin, más féidir. Seans go gcabhróidh an t-alt seo leanas libh an chaint a dhíriú: Sa leabhar Catholicism (1994), míníonn Richard McBrien go ndéanann an focal 'Caitliceach' maolú ar an fhocal 'Críostaí', agus gurb é an focal 'Críostaí' maolú ar an fhocal 'diaganta', agus gurb é an focal 'diaganta' maolú ar an fhocal 'daonna'.

Cén tuiscint atá againne ar an fhocal 'Caitliceach'? An ndéanann sé tagairt do dhuine nó do phobal, do pharóiste nó don teaghlach atá fréamhaithe i dtraidisiún Críostaí Caitliceachas na Róimhe? Ní réaltacht neamhspleách an Caitliceachas. Tá stair agus traidisiún faoi leith ag baint leis an Oideachas Caitliceach a chuirtear ar aghaidh ó ghlúin amháin go dtí an chéad ghlúin eile. Caithfidh gach uile ghlúin machnamh a dhéanamh faoin stair agus faoin traidisiún seo, faoi na scríbhinní a bhaineann leis, agus meastachán a dhéanamh faoin ábharthacht a bhaineann leis i saol an lae inniu, agus conas is féidir é a fhorbairt don todhchaí. Tógtar an sliocht seo ón leabhar 'The Catholic School' (1977), agus cuireann sé fócas ar an smaoineamh go mbíonn na scoileanna Caitliceacha fréamhaithe in Íosa Críost:

**34.** Is é Críost bunsraith iomlán an fhiontair oideachasúil a tharlaíonn i scoil Chaitliceach. Tugann an foilsiú a dhéanann sé brí nua don bheatha, agus treoir ar leith, le gur féidir le daoine smaoineamh, gníomh agus toil a dhíriú ar luachanna an tSoiscéil, agus slí mhaireachtála a dhéanamh as na Biáide. De bhrí go roinneann gach uile bhall de phobal na scoile an fhís Chríostaí seo ar a mbealaí féin, déantar scoil Chaitliceach aisti; is iad luachanna an tSoiscéil na noirm oideachasúla dá bharr, toisc gurb iad sin is cúis leis an spreagadh inmheánach agus an sprioc dheiridh.

**35.** Bíonn an scoil Chaitliceach tiomanta don duine iomlán a fhorbairt, de bhrí go bhfaighimid i gCríost, an Duine Foirfe Lándaonna, an aontacht agus an lánsástacht daonna. Is anseo a fhaighimid féiniúlacht Chaitliceach ar leith na scoile. An dualgas atá uirthi luachanna daonna agus a gcearta dlisteanacha a chothú i measc na mac léinn, eascraíonn sé ó phearsa Chríost. Is eisean an Duine a uaislíonn an cine daonna, a thugann brí don bheatha, is eisean an Eiseamláir a chuireann an scoil Chaitliceach os comhair na mac léinn.[5]

5 a Franchi, L. (ed.), *An Anthology of Catholic Teaching on Education*, London: Septer, 2007, p. 130.

## Ceisteanna le Plé:

1. 'Is é Críost bunsraith iomlán an fhiontair oideachasúil a tharlaíonn i scoil Chaitliceach. Bíonn fealsúnacht éagsúil oideachais ag an uile dhuine. Cén tábhacht a bhaineann le Críost maidir le d'fhealsúnacht féin?
2. Arsa Beinidict XVI ina litir chuig an Eaglais in Éirinn '*Bíodh bhur n-aire dírithe ar Chríost agus ar a mhaitheas siúd, agus cuir fothain in bhur gcroí ar fáil do lasair an chreidimh.*'[6] Conas a dhéanaimid mar Bhord Bainistíochta/Gobharnóirí nó mar fhoireann an timpeallacht cheart a chothú ionas go dtarlóidh a leithéid?
3. Conas mar a spreagaimid na mic léinn agus an fhoireann chun bheith mar fhinnéithe le Críost an t-Oide agus luachanna daonna agus a gcearta dlisteanacha a chothú de réir an mhisin atá againn freastal a dhéanamh ar chách? An bhfuil ról ag an scoil bunathrú chun feabhais a chur i bhfeidhm?

## B'fhéidir gur mhaith libh an díospóireacht a thosú nó a chríochnú leis an bpaidir seo:

### Paidir don Fhoireann

*A Íosa ár dTiarna is ár nOide. Mhúin tú le húdarás is le comhbhá sinn. Rinne tú idirghabháil i saol an oiread sin daoine a bhí ag lorg tuisceana, ag lorg an leighis, agus an rud ba mhó a bhí uathu ná cluas le héisteacht leo. Cabhraigh linne bheith mar dhaoine údarásacha comhbhácha i bpobal na scoile seo. Go mbeidh tionchar grámhar grástúil againn ar shaol agus ar spioraid na ndaoine atá faoinár gcúram againn. Go lorgaímis an fhoirfeacht inár ndaltaí agus go mbeimid ag súil leis an rud is fearr ionainne ar fad, a aimsiú i gcónaí.*
*Go mbeidh croíthe oscailte againn i gcónaí le do ghuth féin is do ghrá a bhrath, agus go mbeimid, dála gach uile dhuine a thugann scolaíocht chóir, mar lóchrainn gheala a lonraíonn ar phobail na scoileanna le dóchas croí. Áiméan.*

### Paidir do Bhaill Bhoird Bainistíochta/ Gobharnóirí

A Thiarna Íosa Críost, bailímid le chéile anseo ag saothrú i d'ainm ar mhaithe le leas na scoile. Tuigimid go bhfuil tú inár measc agus sinn ag déanamh machnaimh faoi na ceisteanna atá romhainn ag an gcruinniú seo.
Treoraigh sinn i ngach a déanaimid, agus bronn orainn an tuiscint, an eagna, an mhuinín, an grásta a thagann ón Spiorad Naomh chun cinntí cearta a dhéanamh.
Go mbeidh toradh fiúntach ar an saothar a dhéanaimid inniu, a chinnteoidh go leanfaidh an scoil seo mar phobal oscailte, cóir, comhbhách síochánta. Go mbeidh áit lárnach agat féin i ngach a déanaimid. Guímid ár bpaidir trí Chríost ár dTiarna. Áiméan.

6 Benedict XVI (2010), op. Cit

BB | GOBHARNÓIRÍ

# Seachtain na Scoileanna Caitliceacha sa Pharóiste

## Aifreann le Tosú Sheachtain na Scoileanna Caitliceacha a Cheiliúradh

### Iomann Iontrála

An Ceathrú Domhnach Saor (*Leabhar Aifrinn an Domhnaigh*, *Leathanach* 336)

### Ráiteas Tosaigh

Tugann liotúirge an lae inniu suntas do Sheachtain na Scoileanna Caitliceacha. 'Na Scoileanna Caitliceacha – Fréamhaithe in Íosa Críost' is ea téama na bliana seo. Agus muid ag teacht le chéile le ceiliúradh a dhéanamh ar an Eocairist, déanaimid buíochas a ghabháil as an iliomad bealaí ina ndéanann ár gcuid scoileanna freastal ar an bpobal anseo, ag cabhrú leis bheith fréamhaithe in Íosa Críost – síol an chreidimh curtha, síológa an chreidimh bheith á cothú, agus bláthú an chreidimh á spreagadh trí aitheantas agus dearbhú a thabhairt. Sea, is oiriúnach an rud é ár bhfréamhacha a aithint, buíochas a ghabháil agus ceiliúradh a dhéanamh.

## Gníomh Aithrí

C vii (*Leabhar Aifrinn an Domhnaigh*, Leathanach 283)

### Loinneog don Iontróid

An Ceathrú Domhnach Saor (*Leabhar Aifrinn an Domhnaigh*, Leathanach 336)
An dara rogha, [*Ár nAthair ar neamh, ó laethanta Abrahám is Maois...* ]

## Liotúirge an Bhriathair

### An Chéad Léacht *Zafainiá 2:3; 3:12-13*

Scríobhann Zafainiá fáidh ag an am ina raibh droim láimhe tugtha do Dhlí Dé. Glaonn Zafainiá ar phobal Dé feasacht a fheabhsú, ag iarraidh orthu filleadh ar an macántacht agus ar an umhlaíocht, agus bheith eolach faoi Dhia. Caithfidh an fheasacht seo dul go smior i ngach aon ghné de ghnáthshaol na ndaoine. Caithfidh siad bheith mar fhinnéithe lena nDia féin trí shaol ceart ionraic a chaitheamh.

### An Dara Léacht 1 *Corantaigh 1:26-31*

Labhraíonn Naomh Pól leis na faicsin a bhí ag teacht chun cinn ón eaglais áitiúil sa Choraint. Bhí míorúiltí á lorg ag cuid acu, an eagna á lorg ag cuid eile acu, agus cuireann Pól ar a súile acu go mbíonn lucht leanta bhealach Chríost ag craobhscaoileadh scéil an Chríost Chéasta. Cuireann Pól i gcuimhne dóibh nach de bharr uaisleacht, nó ceannas, nó an léann a fuair siad an glao ó Dhia, ach gur trí ghrásta Dé a tharla sé. Caithfidh an Tiarna a bheith mar mhórtas, mar eagna agus mar cheannas acu.

### An Soiscéal *Matha 5:1-12*

Rud lárnach do sheanmóireacht Chríost atá sna Biáide. Tá comhthéacs foirmiúil i gceist anseo. Is d'aon ghnó a rinne Íosa an méid a rinne sé. Chuaigh sé an sliabh suas, shuigh sé agus bhailigh na deisceabail thart air, agus is ansin a labhair sé. Bhí straitéis chinnte aige. Ní ar mhaithe le hoideachas a chur ar na deisceabail amháin a mhúin sé, ach ionas go ndéanfaidís comhtháthú leis i ngach aon ghné dá saoil, le go mbeadh siad mar shalann na talún, mar sholas an domhain. Nuair a dhéanaimid an méid a mhúin Íosa ar an sliabh a chomhtháthú inár saoil is finnéithe sinn féin leis an sonas a bhaineann le Ríocht na bhFlaitheas.

### Aitheasc

Nuair a bhíos mar pháiste, agus mar dhéagóir, bhí amhras orm faoin nathán úd, 'Is iad na blianta scoile na blianta is sona de do shaol' agus bhinn ag cur ceiste orm féin ar thuig na daoine a labhair mar sin an rud a bhí á rá acu ar chor ar bith. I Soiscéal an lae inniu téann Íosa an sliabh suas agus suíonn sé síos. Is ar an dóigh seo a mhúin na hoidí go foirmiúil sa sean-am. Deirtear linn go dtagann na deisceabail chomh fada leis. Feicimid Íosa an Máistir, ag cur oideachas ar a lucht leanúna. I rith an cheachta seo déanann Íosa tagairt don sonas. Theastaigh ó Íosa go mbeadh sonas ar a dheisceabail. Ní sonas sealadach neamhbhuan a bhí i gceist ag Íosa, ní faoi mhothúchán a labhair sé, ach mar gheall ar rud a bhí i bhfad níos doimhne a rachadh go mór i gcion orthu. Tagann sonas biáideach chugainn de réir mar a thuigimid go mbainimid le Dia, gur chlann Dé sinn, clann mhuirneach an Tiarna. Is rud domhain dochloíte an sonas biáideach seo, ciall bheannaithe a mhaireann agus a spreagann ar feadh an tsaoil muid, agus a thugann tuiscint lán de chreideamh dúinn faoin mbeatha shíoraí. Is é Íosa ár n-oide. Leag an Pápa Beinidict XVI béim ar seo ina litir chuig Caitlicigh na hÉireann i Mí an Mhárta seo caite. Labhair sé go spreagúil le páistí agus le hóige na tíre nuair a scríobh sé mar seo:

*'Bíodh gaol pearsanta á lorg agaibh leis, (le hÍosa)... mar nach ndéanfaidh sé feall riamh ar an muinín a bhíonn agaibh as. Is eisean amháin a shásóidh na mianta doimhne atá ionaibh agus a thabharfaidh brí iomlán don saol... Bíodh bhur n-aire dírithe ar Chríost agus ar a mhaitheas siúd, agus cuir fothain in bhur gcroí ar fáil do lasair an chreidimh.*

Dúirt Íosa lena dheisceabail imeacht agus múineadh a dhéanamh, dualgas a roinneann an uile dhuine againne leo. Bhí an Scoil Chaitliceach thar a bheith tábhachtach maidir le craobhscaoileadh an chreidimh don phobal, agus bíonn i gcónaí. Gabhaimid buíochas leis, agus déanaimid ceiliúradh ar an tiomantas a léiríonn na hoidí agus an Bord Bainistíochta, Foras na nIontaobhaithe, agus an Comhlachas Tuismitheoirí. Nuair a bhímid ag gabháil buíochais agus ag ceiliúradh bíonn an mhuinín ionainn go mbeidh ár bparóistí agus scoileanna an pharóiste fréamhaithe i gcónaí in Íosa Críost, ionas go mbeidh ar ár gcumas an sonas domhain a theastaigh ó Íosa a bhronnadh orainn a bhrath, an sonas a bhí i gceist aige nuair a labhair Sé ar an sliabh. Fréamhaithe in Íosa Críost, tuigimid go maith gur sinne clann Dé. Fréamhaithe in Íosa Críost, bímid tiomnaithe don cheart agus don mhacántacht. Fréamhaithe in Íosa Críost, léiríonn ár gcuid saol suáilcí na mBiáide Fréamhaithe in Íosa Críost, bíonn na blianta scoile agus gach uile lá mar thráth sona againn!

## Idirghuí Ghinearálta

### Réamhrá

Agus ocras agus tart orainn chun na fíréantachta, cuirimid ár bpaidreacha i láthair Dé agus gach muinín againn go nglacfar leo, agus go dtabharfar freagra orthu.

**Freagra** *A Thiarna, bí ceansa agus éist linn.*

1. Guímid ar son phobal Dé, a mhuintir a mhaireann de réir na mBiáide, go mbeidh neart le fáil acu sa chreideamh, agus go mbeidh siad mar fhoinse inspioráide do chách dá bharr. *A Thiarna, Éist linn*

2. Guímid ar son na bpolaiteoirí agus orthu san a mbíonn ag obair sa tseirbhís phoiblí, go mbeidh siad aireach i gcónaí sa riarachán a dhéanann siad, freastal a dhéanamh ar na riachtanais a mbíonn ag an ngrúpa díothach, ag daoine leochaileacha, ag an dream a bhfuil aire ar leith de dhíth orthu. *A Thiarna, Éist linn*

3. Guímid orthu san a bhfuil cros throm le hiompar acu, ar son na n-easlán, an dream a dhéanann mairgneach, na daoine a fhulaingíonn ón bpian ainsealach, daoine a bhfuil an bhuairt is an crá chroí ag cur as díobh, go ndéanfar iad a thuiscint agus iad a leigheas, agus go dtabharfar sólás dóibh. *A Thiarna, Éist linn*

4. Guímid ar son an uile dhuine a chuireann an t-oideachas Caitliceach chun cinn: na tuismitheoirí, na hoidí, na hIontaobhaithe, na Boird Bhainistíochta, agus pobal an pharóiste Tá súil againn go n-oibreoidh siad as lámha a chéile agus go dtaispeánfar dá bharr ina gcuid iarrachtaí, luachanna an tSoiscéil, rudaí a bheidh mar léiriú ar Ríocht Dé. *A Thiarna, Éist linn*

5. Guímid ar son na ndaltaí agus ar son na mic léinn, go dtiocfaidh spiorad Dé anuas orthu chun an fhoghlaim agus staidéar a dhéanann siad a stiúradh ionas go mbeidh siad ag fás maidir le heolas agus eagna a fhoghlaim ionas go mbeidh tuiscint dhomhain agus meas acu ar na luachanna Críostaí de ghrá agus d'fhreastail. *A Thiarna, Éist linn*

6. Guímid ar son na marbh, go bhfaighidh siad cúiteamh as an saol fiúntach a chaitheadar agus leaba a bheith acu i measc na Naomh agus iad ag maireachtáil go síoraí i síocháin Dé. *A Thiarna, Éist linn*

## Conclúid

A Athair, is sinne pobal umhal an domhain a lorgaíonn an fhíréantacht agus a dhéanann iarracht an ceart a léiriú, agus cuirimid ár bpaidreacha chugat in ainm Íosa Críost. Táimid fréamhaithe ann, agus is eisean an Tiarna síoraí le saol na saol. Áiméan.

## Liotúirge na hEocairiste

### An Urnaí os Cionn na nOfrálacha

An Ceathrú Domhnach Saor (*Leabhar Aifrinn an Domhnaigh*, lth 343)

Preafáid – An Ceathrú Domhnach Saor VI (*Leabhar Aifrinn an Domhnaigh*, Leathanach 336)

Preafáid 34 (*An Leabhar Aifrinn Rómhánach*, leathanach 437)

## Deasghnátha na Comaoineach

### Loinneog don Chomaoineach

An Ceathrú Domhnach Saor (*Leabhar Aifrinn an Domhnaigh*, lth 343)

An Dara Rogha [Is méanar daoibhse atá bocht...]

### Iargomaoineach

An Ceathrú Domhnach Saor (*Leabhar Aifrinn an Domhnaigh*, lth 343)

## An Dúnadh

### Beannacht

An Phaidir os Cionn an Phobail 19 (*An Leabhar Aifrinn Rómhánach*, leathanach 383)



Seachtain na Scoileanna Caitliceacha 2011

# Fréamhaithe in Íosa Críost

30 Eanáir–5 Feabhra 2011

Gearr ar feadh na líne briste agus déan cumhdach le cur thart ar an gcoinneal urnaí. Bí cinnte faoin gcumhdach a bhaint sula dtagann an lasair anuas chomh fada leis.

**Is iad baill an Choiste Stiúrtha ná:**

Mr Lloyd Bracken, Monsignor Jim Cassin, Fr Ger Condon, Fr Martin Delaney, Fr Michael Drumm, Fr Paul Farren, Ms Tonya Hanly, Ms Maura Hyland, Mr Martin Long, Ms Maeve Mahon, Ms Bernie Martin, Mr Tony McCann, Mr Michael Redmond, Ms Maria Spring, Ms Orla Walsh agus An tSiúr Eithne Woulfe.

Íocón Chríost an Slánaitheoir, Rúiseach, Scoil Mhoscó, An Chéad Ráithe 16ú haois, Músaem Rublyov, Ealaín Ársa na Rúise, Moscó.

# Fréamhaithe in Íosa Críost

Acmhainní do Phobal na Meánscoile: Sa Bhaile, Ar Scoil & Sa Pharóiste

30 Eanáir–5 Feabhra 2011